Clár

3 Réamhrá ón gCathaoirleach agus ó Bhainisteoir an Chontae

4 Baill Chomhairle Contae na hlarmhí

5 Cruinnithe na Comhairle

6 Seirbhísí Corparáideacha & Acmhainní Daonna

7 Fiontar Pobail & Caitheamh Aimsire

12 Cúrsaí Tithíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

16 Iompar agus Bonneagar

19 Comhshaol

23 Forbairt & Pleanáil Eacnamaíoch

24 Airgeadas

27 Comhairle Baile an Mhuilinn Chearr

28 Comhairle Baile Átha Luain

30 Aguisín 1 Tuarascáil Bhliantúil ar Fhorbairt an Phlean Chorparáidigh

32 Aguisín 2 Ballraíocht na gCoistí agus na gComhlachtaí Eile

33 Aguisín 3 Comhdhálacha a nDearnadh Freastal Orthu

35 Aguisín 4 Táscairí Seirbhíse

Grianghraif le cead ó John McAuley and Gabriel Corcoran.

Údaráis Áitiúla na hlarmhí

Tuarascáil Bhliantúil 2008

Réamhrá ón gCathaoirleach agus ó Bhainisteoir an Chontae

Cúis áthais dúinn Tuarascáil Bhliantúil 2008 Údarás Áitiúil na hlarmhí a chur i láthair. Tugann méid agus éagsúlacht imeachtaí ár seirbhísí atá leagtha síos sa tuarascáil seo léiriú ar an éifeacht a bhíonn ag Údaráis Áitiúla na hlarmhí ar gach pobal. Sa mhéid seo rinneadh dul chun cinn mór sa bhliain 2008 maidir le háiteanna súgartha agus bonneagar sóisialta a chur ar fáil agus maidir leis na forbairtí atá déanta ar an timpeallacht.

Bhí an Chomhairle ag tabhairt codanna tábhachtacha den Phlean Forbartha Náisiúnta chun críche i gcónaí le feabhsuithe móra ar Phríomhbhealaí Náisiúnta - an chuid den M6 idir Cill Bheagáin agus Baile Átha Luain a chríochnú, agus uasghrádú go stádas mótarbhealaigh tugtha ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta don M6 ar fad idir Cionn Átha Gad agus Baile Átha Luain in 2008, curtha san áireamh. Chomh maith leis sin rinneadh méadú de 50% ar thoilleadh Ionad Cóireála Uisce Bhaile Átha Luain ó 2 mhilliún galún go 3 mhilliún galún in aghaidh an lae. Tosaíodh obair chomh maith ar Scéim Fheabhsúcháin Séarachais an Mhuilinn Chearr, atá le críochnú i 2010 ar chostas measta de €55 milliún.

Le linn 2008 tar éis dul i gcomhairle go mion, ghlac an Chomhairle le Plean nua Forbartha Contae 2009-2014. Lean an Chomhairle cultúr fiontair sa Chontae a chur chun cinn, agus tacaíocht a thabhairt dó, i gcomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí éagsúla agus le daoine ar spéis leo é, agus bunaíodh Ionaid Fiontair sa Mhuileann gCearr agus i mBaile na gCros.

Ghlac an Chomhairle le Plean Gníomhaireachta um Sheirbhís do Chustaiméirí in 2008 ina raibh córas athdhéanta gearán agus cúitimh. Tugadh Córas Bainistíochta Teagmhála cuimsitheach isteach chomh maith. Lean an Chomhairle feabhas a chur ar a cuid seirbhísí ar líne agus tosaíodh suíomh feabhsaithe idirlín ina raibh rochtain ar líne ar chomhaid Phleanála. Cuireadh tógáil an Lárionaid Chathartha nua sa Mhuileann gCearr go mór chun cinn in 2008 agus nuair a chríochnófar é i meitheamh 2009 cuirfidh sé ionad cuimsitheach seachadta seirbhísí ar fáil ina mbeidh na háiseanna is nua-aimseartha do chustaiméirí agus don fhoireann oibre. Taispeánann na tionscnaimh seo go bhfuil fúinn leanúint ar aghaidh le feabhsú a dhéanamh ar na seirbhísí a chuirfear ar fáil agus le hoscailteacht agus trédhearcacht inár gcuid oibre.

Ba mhaith linn an deis seo a ghlacadh chun aitheantas a thabhairt d'obair agus do thiomantas bhaill thofa na Comhairle chomh maith leis na baill ar na Coistí Polasaí Straitéisigh éagsúla agus ar Bhord Forbartha an Chontae le linn na bliana. Ba mhaith linn freisin buíochas a ghlacadh leis na baill foirne go léir mar gheall ar a gcomhoibriú agus a dtiomantas leanúnach le linn na bliana.

Tugann an timpeallacht eacnamaíochta atá ann faoi láthair dúshláin mhóra do Údaráis Áitiúla na hlarmhí maidir le seirbhísí d'ardchaighdeán agus atá costéifeachtach a chur ar fáil ach tá súil againn gur beag iad na droch-éifeachtaí a fheicfear de bharr an chur le chéile atá ann idir na baill foirne agus na Comhairleoirí.

Cathaoirleach

Bainisteoir an Chontae

Ballraíocht na Comhairle

BAILE ÁTHA LUAIN
Na Baill don Toghcheantar

CILL BHEAGÁIN
Na Baill don Toghcheantar

AN CHÚIL
Na Baill don Toghcheantar

AN MUILEANN gCEARR THOIR
Na Baill don Toghcheantar

AN MUILEANN gCEARR THIAR
Na Baill don Toghcheantar

An Clr. Frankie Keena

An Clr. Joe Whelan

An Clr. John Dolan

An Clr. Kevin Moran

An Clr. Kieran Molloy

An Clr. Mark Cooney

An Clr. Tom Allen

An Clr. Joe Flanagan

An Clr. Gerard Corcoran

An Clr. Michael Newman

An Clr. Paul Daly

An Clr. Frank McDermott

An Clr. Paddy Hill

An Clr. Eugene Dolan

An Clr. Dan McCarthy

An Clr. Jim Bourke

An Clr. Michael Dollard

An Clr. Pat McLoughlin

An Clr. Detty Cornally

An Clr. Fintan Cooney

An Clr. Johnny Penrose

An Clr. Ken Glynn

An Clr. Robert Troy

*D'éirigh Susan Murray as ar an 31 Nollaig 2007 agus tháinig an Clr Eugene Dolan, a comhthoghadh ar an 28 Eanáir 2008, ina háit.
**D'éirigh an Clr Mark Nugent as ar an 31 Iúil 2008 agus tháinig an Clr Gerard Corcoran, a comhthoghadh ar an 1 Meán Fómhair 2008, ina áit.
***Fuair an Clr Tom Cowley (suaimhneas síoraí dá anam) bás ar an 9 Bealtaine 2008 agus tháinig an Clr Paul Daly, a comhthoghadh ar an 30 Meitheamh 2008, ina áit.

Cruinnithe na Comhairle

Toghadh Joe Whelan ina Chathaoirleach ag an gCruinniú Bliantúil i mí Meitheamh. Bhí 19 gcruinniú iomlán den Chomhairle in 2008, an Cruinniú Bliantúil, an Cruinniú Buiséid agus na Cruinnithe den Choiste Airgeadais san áireamh. Bhuail an Grúpa Polasaí Corparáidigh le chéile 12 uair le linn 2008.

D'fhreastal ionadaithe na Comhairle ar 45 comhdháil le linn 2008. Costais na gcomhdhálacha ná €28,749 san iomlán (Sonraí na gcomhdhálacha a ndearnadh freastal orthu le fáil in aguisín 3). Tá Ballraíocht Chomhairle ar Choistí agus ar Chomhlachtaí eile leagtha amach in Aguisín 2.

Coistí Polasaí Straitéisigh

Bhí 16 cruinniú CPS le linn 2008. (Ballraíocht CPS leagtha amach in Aguisín 2)

CPS Cúrsaí Tithíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Bhí 4 chruinniú ann.

I measc na gceisteanna a ndearnadh plé orthu a bhí:

- Dréacht nua de Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil.
- Clár Sábháilteachta sa Bhaile
- Póilíneacht Phobail
- Láithreoireacht ón Oifigeach Leasa Tithíochta
- Bille Tithíochta Nua 2008
- Tuarascáil ar Iompraíocht Fhrithshóisialta
- Comhchoistí Póilíneachta
- Meastóireacht ar Riachtanais Tithíochta 2008

CPS Comhshaoil

Bhí 4 chruinniú ann.

I measc na n-ábhar a ndearnadh plé orthu a bhí:

- Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Acht um Thrualliú ó Bhruscar agus le Gníomhaíochtaí Comhshaoil.
- Treoirscéim na nAraidí Donna
- Plean Feasachta Comhshaoil 2008
- Margaí Feirmeoirí a rith
- Scéim Deontais Sean Reiligí a fhorbairt.
- Bille Sláinte & Leasa Ainmhithe
- An Chreat-Treoir Uisce
- Plean Bainistíochta Cheantar na hAbhantraí
- Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach 2005 - 2010
- Fodhlíthe Cur i Láthair Dramhaíola

CPS Iompair agus Bonneagair

Bhí 4 chruinniú ann..

I measc na n-ábhar a ndearnadh plé orthu a bhí:

- Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Dul i gceannas ar Pholasaí Bóithre
- Scéimeanna Móra Bóithre Náisiúnta
- Beartas Grean á Leagan sa Gheimhreadh
- Cothabháil agus Forbairt ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla.

Forbairt agus Pleanáil Eacnamaíoch - CPS

Bhí 4 chruinniú ann.

I measc na n-ábhar a ndearnadh plé orthu a bhí:

- Oideachas - Scoileanna curtha ar fáil
- Treoirlínte maidir le Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe
- Dréacht-threoirlínte maidir le Contúirt Tuilte
- Achoimre ar Reachtaíocht maidir le Fuinneamh Micrea-inathnuaite

An cruinniú deiridh de Chomhairle Contae na hlarmhí i Seomraí na Comhairle, 2008

Seirbhísí Corparáideacha & Acmhainní Daonna

Chuir Comhairle Contae na hlarmhí an clár nuachóirithe chun cinn le linn 2007 le tacaíocht ó na Seirbhísí Corparáideacha/An Roinn AD (Acmhainní Daonna), a théann i gcomhairle leis na ranna go léir ar réimse leathan ceisteanna athraitheacha.

Tá freagracht iomlán ag Seirbhísí Corparáideacha/An Roinn AD do sholáthar ar sheirbhís do chustaiméirí, próisis athraithe, cumarsáid, agus feabhsúcháin in oibriúchán agus éifeachtacht i soláthar ár seirbhísí.

Seirbhís don Chustaiméir

Díríonn an Chomhairle ar an tseirbhís is fearr a thabhairt dár gcustaiméirí agus mar chuid de seo cuireadh na tionscnaimh a leanas i bhfeidhm le linn 2008:

Córas nua Bainistíochta Teagmhála Custaiméirí lenár bhfeidhmíocht maidir le seirbhísí a thabhairt do chustaiméirí a mheas, monatóireacht a dhéanamh orthu agus tuairisc a sholáthar orthu. Ghlac an Chomhairle le Plean nua Gníomhaíochta um Sheirbhísí do Chustaiméirí in 2008, ina bhfuil córas cuimsitheach Gearán agus Cúitimh ann.

Oifigí Cathartha an Mhuilinn Chearr

Lean an obair ar aghaidh ar na hOifigí Cathartha sa Mhuileann gCearr agus faoi dheireadh mí Dheireadh Fómhair 2008 bhi na hoifigí nua tógtha agus díonaithe 80%. Le linn mí na Samhna bhog na Seirbhísi Corparáideacha agus Acmhainní Daonna amach as an sean ionad Contae agus isteach i dTeach an Ghobharnóra a athchóiríodh agus a bheidh mar chuid de champas nua Áras an Chontae. Tabharfaidh an tionscnamh seo feabhsuithe móra ar chaighdeán na Seirbhísí Custaiméirí agus áiseanna níos fearr don phobal, do na baill foirne agus na Comhairleoirí.

An Lárionad Cathartha nua sa Mhuileann gCearr á thógáil.

Caidreamh leis na Meáin Náisiúnta

Lean Comhairle Contae na hlarmhí ar aghaidh lena suíomh idirlín a fhorbairt chun cabhrú le heolas a thabhairt don phobal agus do chustaiméirí. Tugadh 48 preaséisiúint san iomlán do na meáin faoin réimse cuimsitheach tionscnamh agus gníomhaíochtaí a dtugann an Chomhairle fúthu gach lá. Thosaigh an Chomhairle ar chóipeanna leictreonacha den chlár agus de mhiontuairiscí na Comhairle a thabhairt amach roimh chruinnithe na Comhairle agus rinneadh úsáid pháipéir a laghdú dá bharr.

Clár na dToghthóirí

Tiomsaíonn an Roinn Seirbhísí Corparáideacha Clár na dToghthóirí go bliantúil. Ba é 63,679 líon na dToghthóirí cláraithe ar Chlár na dToghthóirí 2009/2010 agus tá miondealú an fhigiúir seo thar na cúig thoghcheantar imlínithe sa chairt thíos:



Seirbhísí Corparáideacha & Acmhainní Daonna

Deontais Ardoideachais

Déanann údaráis Áitiúla na hlarmhí riaradh ar an Scéim Deontais Ardoideachais ar son na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

Deontas	2008
Deontais Nua Bronnta	199
Deontais Athnuaite	353
Deontas Cothaithe is mó ar fáil	€3,420

An tSaoráil Faisnéise

Iarratais ar lámha ag 31 Nollaig 07	Nil
Iarratais isteach in 2008	21
Iarratais ceadaithe	10
Iarratais ar ceadaíodh cuid díobh	2
Iarratais a diúltaíodh	5
Iarratais ar lámha ag 31 Nollaig 08	4

Oifig an Ombudsman

7 líon na ngearán isteach agus próiseáilte le linn 2008

Acmhainní Daonna

622 ball foirne fostaithe ag Údaráis Áitiúla na hlarmhí le linn 2008; sonruithe thíos:



Bhí 48 comórtas earcaíochta san iomlán in 2008, agus fostaíodh 12 bhall foirne bhuana agus 64 ball foirne sealadach.

Líon na mball foirne a bhain úsáid as na Tionscnaimh a Thacaíonn le Teaghlaigh in 2008:

Postroinnt - 29
Saoire Thuismitheoirí - 14
Sosanna Gairme - 8

Tuarascáil ar dhul chun cinn na Traenála in 2008

Cuireadh an Plean Traenála agus Forbartha 2008 le chéile bunaithe ar riachtanais PMDS agus ar chuspóirí eagair. Ghlac baill foirne as gach seirbhís agus roinn páirt i gcúrsaí éagsúla oiliúna ina n-áirítear Sláinte agus Sábháilteacht, Bainisteoir Líne, Scileanna i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, Breisoideachas agus Traenáil Míchumais. Caitheadh céatadán de 4.68% den phárolla ar thraenáil.

Athrú Suntasach a Láimhseáil agus Páirtíocht

Tá Comhairle Contae na hlarmhí, i gcomhpháirtíocht le hionadaithe foirne ó S.I.P.T.U. agus Impact agus faoi choimirce 'Towards 2016' agus Athrú Suntasach a Láimhseáil, ag glacadh páirte i gcainteanna maidir le hathrú suntasach i gcleachtais oibre sna réimsí a leanas:

- Cúram Uisce agus Séarachais
- Freagairt Ghlao-dhualgas Éigeandála
- Bainistíocht Áiseanna
- Foireann Deisiúcháin roimh Ligean ar Cíos a chur ar bun

Bhí cainteanna ann i rith na bliana agus thángthas ar réiteach sásúil don chuid is mó de na tionscnaimh athraithe seo. Cuirfear na feabhsuithe seirbhíse seo i bhfeidhm le linn 2009. Leanfaidh Comhairle Contae na hlarmhí le cur chun cinn na Páirtíochta mar bhealach le feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar choinníollacha oibre na foirne.

Teicneolaíochtaí Faisnéise & Cumarsáide

Leanadh ar aghaidh le seirbhísí TE a chur ar fáil le linn 2008 agus méid áirithe tionscnamh tábhachtach curtha chun cinn nó curtha i gcrích ag iarraidh éifeachtúlacht oibre agus seirbhísí custaiméirí a fheabhsú.

Méadaíodh agus uasghrádaíodh an bonneagar TE - ceanglaíodh Stáisiún Dóiteáin an Mhuilinn Chearr agus ceanncheathrú na Leabharlainne isteach i Líonra Achar Cathrach an Mhuilinn Chearr, rinneadh nasc nua le Teach an Mhargaidh sa Mhuileann gCearr, uasghrádaíodh na ceangail le Leabharlann Bhrainse Chill Liúcainne agus rinneadh nasc leis an leabharlann bhrainse nua sa Mhóta.

Chomh maith leis sin, ainmníodh táirgeoir roghnaithe le bonneagar cumarsáide uasghrádaithe a thógáil idir na hoifigí cathartha sa Mhuileann gCearr, i mBaile Átha Luain, i mBaile na gCros agus i gCill Bheagáin.

Táthar ag súil leis an tionscnamh seo a chríochnú roimh Márta 2009. Bhí pleanáil agus soláthar an bhonneagair TE do na hOifigí Cathartha nua sa Mhuileann gCearr go maith chun cinn freisin faoi dheireadh na bliana.

Seoladh oifigiúil na n-áiseanna ceaintín – ceantar An Chúil

Chuir an Chomhairle an suíomh idirlín www.westmeathcoco.ie i láthair in athuair ag cruinniú mí Meitheamh na Comhairle. Tá rochtain ar líne ar chomhaid phleanála san áireamh ar an suíomh nua athchóirithe. Tá ábaltacht bainistíocht iomlán ábhair ar an suíomh.

Cuireadh inlíon inmheánach na foirne i láthair in athuair mí Feabhra 2008. Bronnadh gradam don 'Inlíon is Fearr' ar an inlíon nua-láinseáilte seo ag ócáid bhronnadh Ghradam Teicneolaíochta Faisnéise Rialtas na hÉireann in 2008. Bhronn an tAire Eamonn Ryan, Teachta Dála, Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, an gradam.

Tugadh méid áirithe Seirbhísí Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide/Feidhmeanna amach le linn 2008, ina measc:

- Córas Bainistíochta Teagmhála Custaiméirí nua a chur i bhfeidhm
- An obair ullmhúcháin don fheidhmchlár TF le haghaidh Acmhainní Daonna/Párolla/Aoisliúntas go mór chun cinn faoi dheireadh na bliana agus an chéad mhódúil le tosú beo i mí Feabhra 2009

Seoladh oifigiúil na n-áiseanna TF don fhoireann amuigh – ceantar An Chúil

Fiontar Pobail & Caitheamh Aimsire

Bord Forbartha Chontae na hlarmhí

Bhuail an Bord le chéile ceithre huaire le linn 2008. Ghlac an Clr. Joe Whelan an Chathaoirleacht ón gClr Michael Dollard le linn na bliana. Chuir an BFC na gníomhaíochtaí éagsúla den phlean gníomhaíochta 3 bliana chun cinn agus thosaigh an próiseas chun plean nua 3 bliana a dhéanamh. Is é an BFC a dhéanann monatóireacht ar obair an Ghrúpa um Chuimsiú Sóisialta agus ar obair Gasta.

Duaiseanna an Chathaoirligh 2008

D'éirigh thar cionn leis an dara hócáid 'Duaiseanna an Chathaoirligh' agus bhí beagnach 300 duine ó ghrúpaí pobail agus ó ghrúpaí deonacha ar fud na hlarmhí i láthair i mBelvedere ar an 29 Bealtaine 2008 ag an ócáid mhór. Bhí Belvedere gléasta amach agus ollphuball ann inar cuireadh bia agus sóláistí ar fáil don ócáid. Ba é an tUas. John Treacy, ó Chomhairle Spóirt na hÉireann agus a bhain an bonn airgid Oilimpeach amach in LA in 1984, an t-aoichainteoir. Thréaslaigh an Cathaoirleach le gach duine a thug a gcuid ama ar bhonn deonach ag cabhrú leis an bpobal. Ba é buaiteoir an ghradaim ná an tUas. Hubert Magee ó Bhanna Ceoil an Mhuilinn Chearr agus tugadh bronnadh ar leith do mhuintir Dolan in ómós do Joe Dolan nach maireann.

Fóram Pobail agus Deonach an Chontae

Thug an fóram tacaíocht agus páirt-mhaoiniú do chúrsa Dioplóma i gCleachtas Forbartha Pobail a chuir Ollscoil na hÉireann ar fáil do chomhaltaí den Fhóram Pobail agus Deonach. Tá 24 comhalta i mbun an Dioplóma a bhfuil sé mar aidhm aige taithí, ábaltacht agus eolas a fheabhsú i ngrúpaí pobail chun cabhrú leo ina gcuid oibre mar ghuth don Earnáil Pobail agus Deonach san Iarmhí. Tháinig méadú leanúnach i mballraíocht an Fhóraim Pobail agus Deonach le linn 2008. Chomh maith leis sin tosaíodh Fóram do dhaoine níos sine i rith na bliana.

Cuimsiú Sóisialta

TCeadaíodh maoiniú de €201,902 in aghaidh na bliana a thabhairt don tionscadal Doras Oscailte sa Mhuileann gCearr le ceithre bhall foirne lánaimseartha a fhostú agus le costais a ghlanadh. Bhog an tionscadal go dtí oifigí níos buaine i Sráid Phádraig, an Muileann gCearr.

Tacaíonn an tIonad Deonach sa Mhuileann gCearr le "Seirbhís Cúraim agus Deisiúcháin" do na seandaoine agus do dhaoine le míchumas, agus is mór an acmhainn é don chuid sin den phobal.

Fuarthas maoiniú in 2008 chun tacú le triúr oibrithe páirtaimseartha do na Pobail sa Ghráinseach, Daltún agus Ennell. Bíonn na hoibrithe seo ag cabhrú le grúpaí áiseanna cheantair a úsáid, m.sh. seomraí a chur in áirithint le húsáid ag grúpaí, áiteanna a réiteach le haghaidh cruinnithe, airíochas na n-áiteanna, srl.

An Straitéis Náisiúnta Míchumais

Fuair Comhairle Contae na hlarmhí maoiniú de €254,809 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais. San áireamh sa chaiteachas sin atá an méid seo a leanas:

- Bealaí rochtana, m.sh. trasrianta coisithe, áiteanna páirceála sa bhreis do dhaoine le míchumais.
- Teicneolaíochtaí Cabhrach do dhaoine le míchumais.
- Eolas ar mhíchumais agus oiliúint ann.

Saoránacht Ghníomhach

Comhairle Óg an Chontae 2008-2010

Toghadh Comhairle nua Óg an Chontae i mí na Nollag 2008 ó scoileanna éagsúla dara leibhéal sa Chontae. Is fóram tábhachtach é 'Comhairle na nÓg' an Chontae do dhaoine óga taobh istigh den Chontae.

Comhairle na nÓg

Rinneadh bileog ar chúrsaí alcóil scríofa agus deartha ag daoine óga do dhaoine óga. Ghlac ball den Chomhairle páirt in agallaimh éagsúla teilifíse a chuir Comhairle na nÓg san Iarmhí chun cinn.

Dealbhóireacht i gcuimhne ar Joe Dolan seolta i gCearnóg Theach an Mhargaidh sa Mhuileann gCearr

D'éist an Muileann gCearr le guth binn Joe Dolan in athuair ar an Domhnach an 7 Nollaig 2008, nuair a nocht an Taoiseach, an tUas Brian Cowen T.D., dealbhóireacht i gcuimhne ar Joe Dolan. Bhí tráthnóna cuimhne agus ceiliúrtha ann nuair a tháinig na mílte daoine chuig Cearnóg an Mhargaidh sa Mhuileann gCearr chun an seoladh a fheiceáil agus le cuid den seó 'Joe Dolan Reunion' a fheiceáil beo agus ar scáileáin mhóra ar an bpríomhshráid.

Cuireadh tús le himeachtaí an tráthnóna leis an gClr. Michael Dollard, Cathaoirleach Chomhairle Bhaile an Mhuilinn Chearr, ina óstach ar fháiltiú le linn do Bhanna Ceoil an Mhuilinn Chearr a bheith ag seinm don slua ag teacht. D'fhear an Clr Joe Whelan, Cathaoirleach Chomhairle Contae na hlarmhí, fáilte oifigiúil roimh chách agus labhair sé faoi lá "bittersweet, a moment to reflect and to celebrate" - lá idir milis is searbh - nóiméad machnaimh agus ceiliúrtha ar shaol agus ar eachtraí Joe Dolan.

Ba é Carl Payne, i gcomhpháirt le Genesis Fine Arts, a rinne an dealbhóireacht chuimhne agus tá an píosa i gCearnóg Theach an Mhargaidh, an Muileann gCearr.

Fiontar

- Sa timpeallacht eacnamaíochta atá ann faoi láthair, caithfear gach deis a thagann an bealach a thapú le heacnamaíocht an chontae a mhéadú agus a éagsúlú. Is féidir sin a dhéanamh agus an larmhí a chur chun cinn mar áit mhaith le gnó a dhéanamh ann, bíodh sé sin ina infheistíocht ón taobh amuigh nó ina fhiontar áitiúil. Le tacaíocht a thabhairt do thionscal bunaithe ar theicneolaíocht, le fiontraíocht agus nuálaíocht a chur chun cinn agus le mion-fhiontair déantúsaíochta agus cheirde a fhorbairt, chuir Comhairle Contae na hlarmhí bunú ionaid fiontair áitiúil i mBaile na gCros chun cinn. D'oscail an Clr Frank McDermott, Cathaoirleach Choiste Ceantair na Cúile, an t-ionad go hoifigiúil ar an 19 Samhain 2008. Tá seacht n-aonad ar cíos curtha ar fáil do ghnóthaí beaga atá ag iarraidh áit le tosú ann.

- Tá méid áirithe láithreán le seirbhísí iontu i bPáirc Ghnó Bhaile na Carraige fós le díol.

- Cuireadh forbairt Ionaid Fiontair an Mhuilinn Chearr ar an gCluain Mhór ag Ionad Fiontair Teicneolaíochta agus Nuálaíochta an Mhuilinn Chearr Teoranta (Mullingar Enterprise Technology and Innovation Centre Ltd.) go mór chun cinn le linn 2008 le cabhair ó Chomhairle Contae na hlarmhí

Spórt, Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire

- Chuir Comhairle Contae na hlarmhí clóis shúgartha ar fáil i mBaile na gCros, i gCill Bheagáin, sa Mhóta agus ar Pháirc Bhaile an Mhuilinn Chearr agus polasaí clóis shúgartha a sholáthar 2008 á chur i bhfeidhm.

- D'éascaigh an Chomairle forbairt áiseanna súgartha ag Páirc Gaine, Muilte Farannáin ag Coiste Forbartha Pháirc Mhuilte Farannáin. D'oscail Cathaoirleach na Comhairle go hoifigiúil iad ar an 30 Lúnasa 2008.

- Fuair Comhairle Contae na hlarmhí moladh faoi fhorbairt na gceithre háit chluichí ilfheidhmeacha (Multi-Use Games Areas - MUGA's) is nua-aimseartha sa Chontae ag ócáid bhronnadh na nGradam Feabhais sa Rialtas Áitiúil de chuid Cumainn Tráchtála na hÉireann i mí na Samhna 2008.

- Lean an tOifigeach Forbartha um Pheil sa Phobal agus an bheirt Oifigeach Tacaíochta Club CLG lena gcuid oibre san larmhí agus a n-aird dírithe go mór ar cheantair faoi mhíbhuntáiste agus ar Chuimsiú Sóisialta.

Clós súgartha i mBaile na gCros - an oscailt oifigiúil

- Le linn 2008 lean an próiseas forbartha ar Ionad nua comhtháite Spóirt agus Fóillíochta ar an Muileann gCearr. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal bonneagar spóirt agus fóillíochta a sholáthar ar scála riachtanach le freastal ar an bpobal atá ar an Muileann gCearr agus sa cheantar máguaird anois agus a bheidh ann amach anseo.

- Lean an Chomhairle ar aghaidh lena ról bainistíochta i gcomhar le Forbairt Phobail na hlarmhí Teo maidir le Bealach Siúil na hlarmhí atá 33 km ar fad.

- Rinneadh forbairt ar Shlí na Sláinte nua an Mhuilinn Chearr i gcomhar le Foras Croí na hÉireann. Is bealach ciorclach 4.2km é a thosaíonn ag an ionad siopadóireachta in aice le hArdán Naomh Loman agus a leanann trí Shráid Phádraig fad le bóthar an 'C-Link' agus ar ais ar Bhóthar Ashe. Sheol Cathaoirleach na Comhairle an tSlí go hoifigiúil ar an 28 Bealtaine 2008.

Turasóireacht

- Tosaíodh ar an obair an Muileann gCearr a bhunú mar Chroíbhaile Rothaíochta Chatagóir a hAon, i gcomhar le Fáilte Éireann agus Uiscebhealaí Éireann, le comharthaíocht a chur suas ar na bealaí. Cuireadh tús chomh maith leis an obair chun 6km ar fad de chosán tarraingthe na canálach idir an Muileann gCearr agus Ballinea a uasghrádú.

- Cuireadh an tionscadal ag "The Meadows" i mBaile Átha Luain leis na háiseanna iascaireachta atá ann cheana féin a athchóiriú, agus ar cheadaigh Fáilte Ireland maoiniú dó le Baile Átha Luain a fhorbairt mar Ionad Barr Feabhais Iascaireachta, chun cinn in 2008.

Páirc imeartha nua ag Farran, an Muileann gCearr - an oscailt oifigiúil

Cúrsaí Tithíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Tithíocht Shóisialta:
Lean Comhairle Contae na hIarmhí ar aghaidh ag freastal ar riachtanais a n-iarrthóirí tithíochta in 2008 faoin gClár Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta. Scéimeanna a chríochnaigh an Chomhairle le linn na tréimhse sin: Ráistín (11 aonad), Cionn Átha Gad (30 aonad), An Fearann, an Muileann gCearr (19 n-aonad), faoin tuaith (4 aonad) agus 5 cinn faighte.

Mar a fheictear sa mhéid atá thuas tá na tithe ar fud an chontae agus ceannaítear / faightear na tithe de réir an éilimh atá sa cheantar agus bunaithe ar na háiteanna is rogha leo siúd atá ar an liosta feithimh tithíochta. Bhí na moltaí seo ina gcuid dár gclár plean gníomhaíochta 5 bliana a tháinig chun deiridh in 2008. Faoi dheireadh na bliana bhi scéimeanna á dtógáil i mBaile an Chaisleáin (6 aonad), sa Bhaile Mór (7 n-aonad), i Rathwire (4 aonad) agus ar an bhFearann sa Mhuileann gCearr (36 aonad). Is breis an méid sin ar na 10 n-aonad sóisialta a cuireadh ar fáil faoi Pháirt V d'Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 2001.

Ba é 1622 an stoc iomlán tithíochta a bhí ag Údaráis Áitiúla na hIarmhí faoi dheireadh na bliana. Tá méadú nach beag tagtha ar an stoc leis na blianta beaga anuas agus tá aois an stoic feabhsaithe - an chuid is mó níos óige ná 15 bliana. Bíonn caighdeán agus deisiú níos fearr ar an stoc a chuirtear ar fáil dár dtionóntaí dá bharr.

Tithíocht ar Phraghas Réasúnta:
Sa bhliain 2008 críochnaíodh 19 n-aonad ar an mBóithrín Bradach, Cionn Átha Gad, agus tá 26 aonad á dtógáil faoi láthair ar an bhFearann sa Mhuileann gCearr. Tá an méid sin sa bhreis ar 43 aonad a cuireadh ar fáil faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 2001 in áiteanna éagsúla mar: Baile Átha Luain, an Móta, Cill Bheagáin, Rathwire, agus Ráistín. Tá roinnt tithe ar lámha ag an gComhairle Áitiúil ag deireadh na bliana agus is é an dúshlán atá rompu ná an stoc ar phraghas réasúnta atá ann cheana a bhogadh ar aghaidh agus an soláthar leanúnach tithíochta ar phraghas réasúnta a bheidh ar fáil.

Scéim Cóiríochta ar Cíos:
Tá an Scéim Cóiríochta ar Cíos á rith anois le beagnach trí bliana anuas agus tá thart ar 200 aonad inár stoc ar cíos faoi láthair. Is féidir le hiarrthóirí tithíochta atá i dteideal Liúntas Leasa Forlíontach a fháil thar threimhse 18 mí nó níos faide cur isteach ar an scéim agus tá cuma air go mbíonn an-tóir air seo mar tugann se rogha níos fearr don iarrthóir maidir leis an áit ina mbeidh a rogha tí. Chomh maith leis sin is fearr an tsealbhaíocht atá ann ná ar an margadh príobháideach agus cuireann sé le meascán níos fearr sóisialta freisin.

Cothabháil Tithíochta:
D'fhreagair Údaráis Áitiúla na hIarmhí do 1251 deisiúchán tithe agus iarratas le linn na bliana. Tá foireann deisiúcháin ar leith curtha ar bun ag an gComhairle agus déanann an Roinn Tithíochta bainistíocht ar an bhfoireann sin. Tugann an fhoireann sin aire don stoc folamh agus don athchóiriú a dhéanamh air sara ligfear amach ar cíos in athuair é.

Ligeann an fhoireann sin don Chomhairle tithe atá folamh a chur ar ais ar cíos gan mhoill agus tugtar an deis dúinn freisin uasghrádú a dhéanamh ar aon tithe a dteastaíonn sé uathu. Thug an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an tsolúbthacht dúinn cuid dár n-admhálacha caipitil inmheánacha a mhéadú sa réimse seo agus a lig don Chomhairle maoiniú a dhéanamh ar an athchóiriú sin.

Deontas do Dhaoine le Míchumas/Deontas do Dheisiúcháin Riachtanacha/Deontas d'Athchóiriú Tí do Dhaoine le Míchumas/Scéim Deontas Tithíochta le hÁiseanna Soghluaisteachta/Cabhair Tithíochta do Dhaoine Aosta:

Sa bhliain 2008 cheadaigh an tÚdarás seo an méid deontas seo a leanas:

Deontas do Dhaoine le Míchumas	37	€958,191
Deontas do Dheisiúcháin Riachtanacha	24	€331,189
Deontas d'Athchóiriú Tí do Dhaoine le Michumas	44	€527,114
Scéim Deontas Tithíochta le hÁiseanna Soghluaisteachta	11	€39,910
Cabhair Tithíochta do Dhaoine Aosta	84	€396,535
Total No. of approvals:	200	€2,252,939

Cóiríocht don Lucht Siúil:
Críochnaíodh an plean gníomhaíochta 5 bliana sa bhliain 2008 maidir le cóiríocht a chur ar fáil don lucht siúil agus an t-athchóiriú a chríochnú ar Pháirc Mhichíl, an Muileann gCearr.

Chuaigh an Chomhairle níos faide ná an cuspóir a bhí sa phlean gníomhaíochta agus tá dhá láithreán nua-aimseartha i mBaile Átha Luain agus sa Mhuileann gCearr. Tá tithe ag daoine den lucht siúil i ngnáth-thithíocht an údaráis áitiúil agus faoin Scéim Cóiríochta ar Cíos.



Lámhleabhar do Thionóntaí - an Seoladh Oifigiúil

Cnoc An Ri, Ráistín

Soláthar Tithe - Pobail a Chothú:

Bhí sé i gceist ag an tionscnamh nua seo ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil pobail níos inchothaithe inár bhforbairtí tithíochta a chur chun cinn. Chiallaigh sé sin an tÚdaráis Áitiúil ag cur áiseanna pobail ar fáil chomh maith le forbairtí tithíochta. Dea-shamplaí den rud sin in 2008 ná: an t-ionad acmhainní/áiseanna cúraim leanaí i bPáirc Dhaltúin, an Muileann gCearr, páirc lánmhéide sacair curtha ar fáil agus láithreán le haghaidh scoile ar an bhFearann, an Muileann gCearr. Chuireamar láithreán ar fáil d'áiteanna cluichí ilfheidhmeacha (MUGA) sa dá áit sin agus ag áit i mBaile Átha Luain.

Príomh-fheidhmíochtaí:

- 1,622 teach ar cíos - bainistithe agus cothaithe ag an Roinn Tithíochta.
- Caiteachas ar an gClár Tógála Tithe agus Tithe a Fháil in 2008 - €19.7m
- Tógáil 60 aonad sóisialta tithíochta críochnaithe
- Bhí 53 aonad á dtógáil ag deireadh 2008
- Tugadh €2,252,939 ar 270 deontas, ie., Deontas do Dhaoine le Míchumas, Deontas do Dheisiúchán Riachtanach, Deontas d'Athchóiriú Tí do Dhaoine le Míchumas, Scéim Deontas Tithíochta le hÁiseanna Soghluaisteachta, Cabhair Tithíochta do Dhaoine Aosta.
- Críochnaíodh an Clár Téimh Lárnaigh agus tá téamh lárnach curtha isteach i ngach foirgneamh an Údaráis Áitiúil.
- Osclaíodh Láithreán Stad Pháirc Mhichíl tar éis é a athchóiriú.
- Cuireadh áiseanna pobail ar fáil ag Páirc Dhaltúin agus ag Raheen, an Muileann gCearr.

Seirbhís Leabharlainne

Buaicphointí

- D'oscail an Clr Joe Whelan, Cathaoirleach Chomhairle Contae na hIarmhí an Leabharlann nua sa Mhóta i mí na Nollag.
- Ritheadh Comhdháil Chomhpháirteach Chumann Leabharlanna na hÉireann / CILIP i mBaile Átha Luain i mí Aibreáin.
- Méadú de 7% i mballraíocht sa Seirbhís Leabharlainne
- Méadú de 4% ar an méid ábhar tógtha amach ar iasacht
- Ghlac 1,782 páiste páirt i ndúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh "Read with Ruairi" i leabharlanna ar fud an chontae.
- D'oscail an Clr. Joe Whelan, Cathaoirleach, Comhairle Contae na hIarmhí, an Leabharlann Bhrainse nua sa Mhóta go hoifigiúil ar an 18 Nollaig.

Uaireanta Oscailte Leabharlainne, Ballraíocht agus Iasachtaí

Bhí 4 leabharlann lánaimseartha ar oscailt 7,639 uair san iomlán in 2008 - 36.73 uair sa tseachtain ar an meán, agus bhí 3 leabharlann pháirteamseartha ar oscailt 2,237 uair san iomlán - 14.34 uair sa tseachtain ar an meán. Osclaíonn gach leabharlann ag am lóin ar laethanta áirithe agus bíonn gach leabharlann ar oscailt go déanach dhá oíche sa tseachtain. Bhí ballraíocht de 13,202 ag an tSeirbhís Leabharlainne - sin méadú de 7% ar an mbliain roimhe.

Tharla méadú ballraíochta i ngach leabharlann, gan eisceacht ar bith. Thug líonra na leabharlann brainse 284,662 leabhar agus nithe closamhairc ar iasacht, sin méadú de 4% ar an mbliain 2007; agus sa bhreis air sin thug an tseirbhís leabharlann taistil 23,045 ní ar iasacht do bhunscoileanna an chontae.

Catagóirí Ballraíochta de réir %



** *Catagóir Eile = blociasachtaí, teagascóirí litearthachta d'aosaigh agus riachtanais ar leith*

Ceannaíodh 18,234 leabhar agus nithe closamhairc chun cur le stoc na leabharlann éagsúil i rith na bliana.

Rochtain Phoiblí ar Ríomhairí

Cuireadh 10,650 seisiún idirlín ar fáil don phobal. Cuireadh seisiún eile ar fáil do dhaoine don Scrúdú Teoirice Tiomána, do na léarscáileanna SOÉ ar líne agus do sheirbhísí e-rialtais. Thug baill foirne na leabharlann mór méid áirithe seisiún 'Lifesteps' ríomhaireachta do bhaill ar spéis leo eolas a chur ar an idirlíon.

Cuireadh 1,261 iarratas isteach chuig an gCeanncheathrú Leabharlainne le haghaidh leabhar ar leith ó bhaill sna leabharlanna brainse agus tugadh freagairt shásúil ar 1,113 de na hiarratais sin.

Staidéar Áitiúil / Seirbhís Chartlainne

Tugadh 605 cuairt ar an roinn staidéir áitiúil ag an gCeanncheathrú Leabharlainne, agus bhí 185 ceist ar ríomhphost, ar an bhfón agus tríd an pbost chomh maith. D'fhreastail Leabharlann Bhaile Átha Luain ar 781 cuairteoir ag a roinn staidéir áitiúil. Le linn na bliana ceannaíodh an 'Westmeath Independent 1986-2007' ar mhicreascannán agus cuireadh le stoc Leabharlann Bhaile Átha Luain chun cabhrú le lucht taighde. Anois tugann an líonra leabharlann brainse rochtain ar shuíomh idirlín Chartlann Nuachtán na hÉireann: www.irishnewsarchive.com

Clár Imeachtaí Cultúrtha

Chuir gach leabharlann bhrainse clár cuimsitheach d'imeachtaí, de thaispeántais agus de ghníomhaíochtaí for-rochtana (outreach) ar fáil i rith na bliana do gach aoisghrúpa chun ilghnéitheacht na leabharlainne poiblí a thaispeáint mar áit don phobal. Seo a leanas léargas tapaidh ar chuid de na himeachtaí a bhí ar siúl le linn na bliana:

- Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh i gCill Liúcainne
- Taispeántas 'Fabraic na Timpeallachta' i mBaile na gCros
- Tráth na gCeist Boird Idir Scoileanna i gCill Bheagáin
- Mion-Taispeántas Anja Sammon sa Mhóta
- Taibhiú Nuala Hayes ag 'Féile na dTrí Abhann' i Leabharlann Bhaile Átha Luain
- Lá Náisiúnta na Filíochta 2008 á cheiliúradh ag John Sexton i Leabharlann an Mhuilinn Chearr

Clár Forbartha Ealaíon 2008

Spáránachtaí Ealaíontóirí & Scoláireachtaí

Fuair 38 ealaíontóir spáránachtaí ealaíontóra ar leith in 2008.

Deontais 2008 faoin Acht Ealaíne

Faoin Acht Ealaíne, 2003, bíonn iachall ar an údaráis áitiúil maoiniú a thabhairt do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí ealaíne maidir le tionscadail éagsúla ealaíne ar fud an Chontae. Tá an scéim seo mar chuid de ghradaim an Chathaoirligh anois agus fuair 35 grúpa ar fud an chontae maoiniú le linn 2008.

Scéim Chónaitheachta Ealaíontóirí i gComhthéacs

Cuireadh na scéimeanna Scoileanna, Pobail agus Cúraim Sláinte le chéile chun deis a thabhairt do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí éagsúla a bheith ag obair le healaíontóir ar thionscadal áirithe thar thréimhse trí mhí. Tugtar an scéim seo trí réimse ilghnéitheach clár de dhisciplíní do Bhunscoileanna, d'Ionaid Lae Cúraim Shláinte agus do Ghrúpaí Pobail i limistéar na hlarmhí. Bhain 18 ngrúpa ar fud na hlarmhí leas as an scéim seo le linn 2008.

Saothar Poiblí nua Ealaíne i gCo. na hlarmhí

Tugadh coimisiúnú d'Ann Meldon píosa nua ealaíne poiblí a dhéanamh don Mhótarbhealach N6 Céim 2 (Cill Bheagáin go Baile Átha Luain) ag Acomhal an Mhóta. Tá an píosa dealbhóireachta agus an móta ar a seasann sé déanta as cré-umha agus cruach dhosmálta agus seasann an rud ar fad 7 méadar os cionn na tíre máguaird.

Cúrsaí Tithíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Teach Belvedere & Gairdíní

Bíonn líon na n-imeachtaí ar fhéilire Belvedere ag méadú i gcónaí le an-chuid imeachtaí nua agus mór-ócáidí ann. Tháinig níos mó ná 40,000 duine ar chuairt chuig Féile bhliantúil Gháirdíní Belvedere i mí an Mheithimh agus an aimsir go hálainn. Bhí an-rath ar an bhFéile agus níos mó ná 200 seastán ina raibh gach rud orthu - lomairí féir, bláthanna, áran Francach agus cácaí milse. Cuireann Belvedere réimse leathan d'ócáidí ar siúl i rith na bliana - Téatar sa Ghairdín, Stair Bheo, Seó Seandálaíochta, Camchuairteanna ar an Dúlra agus Siúlta Sciathán Leathair.

Tugadh imeachtaí nua bliantúla isteach in 2008 mar Shraithchomórtas Bhóthar an Mhuilinn Chearr, Dó-atlan Bhalla an Éada, agus Trí-atlan 'Tri to Beat Cancer' (Trí le hailse a bhualadh), na himeachtaí le teacht ar ais in 2009. Rith Belvedere dhá thraein gaile, a bhí díolta amach, ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Muileann gCearr in 2008, agus rinneadh imeachtaí bliantúla den 'Easter Eggspress' agus den 'Hallowe'en Ghost Train' sa bhliain 2009. Tá Teach Belvedere ar an gceathrú tarraingt chuairteoirí is mó sa réigiún Lár Tíre Thoir agus tá sé ar uimhir a 40 ar scála an 50 is fearr in Éirinn. Tagann níos mó ná 160,000 duine go Teach Belvedere gach bliain.

Lárionad Ealaíne an Mhuilinn Chearr

Tháinig níos mó ná 72,000 duine go Lárionad Ealaíne an Mhuilinn Chearr in 2008. Cuireadh 73 léiriú gairmiúla agus 28 léiriú áitiúla Amharclainne ar siúl sa Lárionad. Chuir na 'Student Players' (aisteoirí na mac léinn) an ceoldráma 'Return to the Forbidden Planet' ar siúl i mí an Mhárta agus an dráma 'London Suite' i mí Mhéan Fómhair.

An gheamaireacht 'Aladdin' a bhí ar stáitse le haghaidh 12 oíche i mí na Nollag. Chuir an cumann amharclainne 'Rail' dhá dhráma ar siúl - 'One Flew Over the Cuckoo's Nest' agus 'Jakes Women'.
Chomh maith leis sin ritheadh an Scoil Drámaíochta Réigiúnach, Laighin agus Uile Éireann sa Lárionad. Ghlac 44 scoil as áiteanna ar fud na hÉireann páirt inti. Bhí Féile Drámaíochta na hIdirbhliana 'Briery Gap' agus Siamsa Gael Linn ar stáitse freisin.

Ghlac Lárionad Ealaíne an Mhuilinn Chearr páirt i gcamchuairt 'Waiting for Godot' ar fud na tíre agus is ball é de 'Nomad' a rinne camchuairt an 'Dead School' agus a bhain roinnt gradam náisiúnta.

Tá Acadamh na nÓg sna Taibh-Ealaíona (Youth Academy for the Performing Arts) fós ag fás agus tá 4 theagascóir a thugann ranganna Damhsa/Rince, Dráma, Ceol agus Dráma gach Satharn. Thug sé 42 déagóir go dtí Londain agus go dtí Páras um Cháisc.

Ritheadh ranganna Piano, Feadóige, Giotáir agus Gutha, Ballet agus tá dhá Scoil Rince - 'Fame Fantastique' agus Scoil Rince 'Dionysus' - chomh maith le Scoil Cainte agus Drámaíochta an Mhuilinn Chearr (Mullingar Speech and Drama School) bunaithe sa Lárionad.

Rith an Gailearaí Ealaíne atá i dTeach an Mhargaidh, taispeántais d'obair 12 ealaíontóir gairmiúla, d'obair mhic léinn amháin agus d'obair ealaíontóra amháin ón áit. Bhí ranganna Amharcealaíne i bPéintéireacht Ola, in Uiscedhathanna, i Líníocht Bheo, do Thosaitheoirí san Ealaíon agus in Aicriligh.

Thug an Stiúdeo 'Umbrella' ranganna Ealaíon agus Ceardaíochta do pháistí. Ritheadh 'Ealaíon Iontach Scoile' (Amazing School Art), le hurraíocht ó Chumann Creidmheasa an Mhuilinn Chearr, i mí an Mheithimh agus bhí oibreacha móra ealaíne ó 31 scoil náisiúnta sa Chontae ann. Tugadh For-rochtain i nDamhsa to 24 scoil agus do thrí eagraíocht Riachtanais ar Leith. Tugadh for-rochtain ealaíne do 6 eagraíocht Riachtanais ar Leith.

Iompar agus Bonneagar

IOMPAR

Tógáil agus Cothabháil Bóithre

Ar Chomhairle Contae na hlarmhí atá an fhreagracht bóithre an Chontae a chothú agus a fheabhsú. Caitheadh €76 milliún ar an líonra bóithre seo in 2008. Sholáthair an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta maoiniú de €54 milliún do na bóithre náisiúnta agus chuir an Roinn Iompair agus Comhairle Contae na hlarmhí €22 milliún ar fáil don líonra bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla.

Tionscadail Mhóra

De réir cuspóirí bóithre Eorpacha, Náisiúnta agus Réigiúnacha atá leagtha amach sa Straitéis Spáis Náisiúnta, sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus i bPlean Forbartha an Chontae, rinne an Chomhairle dul chun cinn ar roinnt ollthionscadal bóithre in 2008, iad seo a leanas san áireamh:

N52 - an Nasc idir an Tulach Mhór agus Cill Bheagáin

Tá Comhairle Contae na hlarmhí, i gcomhar le Comhairle Contae Uíbh Fhailí agus i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta ag déanamh forbairt ar an scéim seo. Réitíodh ar bhealach roghnaithe. Tá an obair ar siúl faoi láthair leis an miondearadh a dhéanamh air.

M6 - Cill Bheagáin go Baile Átha Luain

Tá an chuid Cill Bheagáin go Baile Átha Luain den M6 - an mórbhealach idir cathracha Baile Átha Cliath agus Gaillimh - críochnaithe agus osclaíodh é don trácht i mí Iúil 2008. D'uasghrádaigh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta M6 ar fad na hlarmhí - idir Cionn Átha Gad agus Baile Átha Luain - go stádas mótarbhealaigh i mí Meán Fómhair 2008.

N4 - An Muileann gCearr go dtí an Longfort (Rúscach)

Tá Comhairle Contae na hlarmhí, i gcomhar le Comhairle Contae an Longfoirt agus i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta i mbun cur chun cinn na scéime seo chun thart ar 50km den phríomhbhealach náisiúnta idir an Muileann gCearr agus Rúscach a uasghrádú. Déanfaidh an scéim seo atá curtha i láthair nasc idir an N4 - Seachbhóthar an Mhuilinn Chearr (Débhealach) agus an scéim 2+2 nua N4 - Dromod-Rúscach. Cuireadh an phleanáil don tionscadal seo chun cinn de réir an chláir in 2008. Tá an Staidéar Sriantachta críochnaithe agus na roghanna bealaigh aitheanta agus cuireadh sin ar taispeáint don phobal i mí Mheán Fómhair 2008. Tá staidéar ar siúl faoi láthair maidir le meastóireachtaí timpeallachta, innealtóireachta agus eacnamaíochta ar na bealaí roghnaithe agus táthar ag súil leis an mbealach roghnaithe is fearr a thiocfaidh amach as a chur ar taispeáint faoi dhara ráithe na bliana 2009.

N4 - Scéim Dealaithe Grád sna Dúnta

Tá méadú mór tagtha ar thrácht an N4 le blianta beaga anuas agus is ábhar buartha anois iad na hoscailtí meánacha agus na hacomhail ag Na Dúnta, go háirithe an t-acomhal le bóthar R156 Chill Liúcainne. Tá Comhairle Contae na hlarmhí, i gcompháirtíocht leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta, i mbun scrúdú a dhéanamh ar na hoscailtí meánacha ar fad a dhúnadh agus acomhal amháin grád-dhealaithe a chur ar fáil chun freastal a dhéanamh ar bhóthar R156 Chill Liúcainne.

Chuathas i gcomhairle leis an bpobal in 2008 chun na roghanna bealaigh a chur ar taispeáint agus ansin an rogha acomhail is fearr a thiocfadh as. Tá an phleanáil an tionscadail seo curtha chun cinn ó chéim roghanna na mbealaí go céim an chéad dearaidh.

N52 - droichead na Carraige go Cluain Fada

Baineann an scéim seo le hathailíniú an bhóthair náisiúnta den dara grád (N52) atá idir droichead na Carraige agus Cluain Fada. Is bóthar tuaithe é an chuid sin den N52 agus tá luasteorainn de 100kph/ksu air. Tá líon mór acomhal beag ar an mbealach sin agus bealaí príobháideacha go dtí an príomhbhóthar ann, agus cuireann an méid sin chomh maith le hathailíniú ar chaighdeán íseal le ráta ard timpistí bóthair.

Tá pleanáil curtha go maith chun cinn ar an scéim seo agus tá an 'Chuid 8' ceadaithe ag Comhairle Contae na hlarmhí.

Tionscadail Eile Bóthair

- Cuireadh pleanáil, dearadh agus obair ar mhéid áirithe tionscadal eile bóthair chun cinn le linn 2008. Ceann de na Tionscadail Bhóithre Náisiúnta ab ea na 600m de N52 athaithlínithe ag Rú Chonaill, an Muileann gCearr, a chríochnú.
- Tionscadail na mBóithre nach bóithre náisiúnta iad, san áireamh,
- Nascbhóthar na Cluaine Móire: 400m tógtha agus Conraitheoir Dearaidh/Tógála faighte le Droichead na Cluaine Móire a thógáil.
- Robinstown: 400m débhealaí nua tógtha.
- Droichead Charraig an Chaisleáin: Comhairligh fostaithe leis an dearadh a chríochnú agus chun conraitheoir a fháil leis an droichead a thógáil.

Rinneadh oibreacha feabhais a chur chun cinn ar 17 Scéim Forbartha Áitiúla a mbaineann níos mó ná 60 teaghlach leas astu.

Cothabháil Bóithre

Rinneadh obair chothabhála agus feabhsúcháin ar an líonra bóithre sa chontae in 2008. San áireamh anseo tá 101 km de chóiriú dromchla, 56 km d'athchóiriú bóithre agus 19 km d'athchóiriú dromchla.

San áireamh i gcothabháil bhreise ar na bóithre bhí draenáil bhóithre, scuabadh sráideanna, soilsiú poiblí, grean á leagan sa gheimhreadh, cothabháil ghruaimhíní is fiailí a bhaint, deisiú droichead, cothabháil agus uasghrádú ar chomharthaí bóithre, scéimeanna bainistíochta tráchta, soláthar páirceála breise etc.

Stráitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre

Ullmhaíodh Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre an chontae don tréimhse 2009 go 2013 i gcomhar leis an nGarda Síochána, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus le gníomhaireachtaí seachtracha eile. Tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach ann le cur i bhfeidhm thar thréimhse na Straitéise agus is é an aidhm atá aige ná sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn do gach úsáideoir bóithre agus an marú agus an gortú ar bhóithre a laghdú i measc úsáideoirí bóithre. Le maoiniú ón Údarás um Bóithre Náisiúnta agus ón Roinn Iompair bhí Comhairle Contae na hlarmhí ábalta tabhairt faoi bhearta innealtóireachta sábháilteachta ar bhóithre a dhéanamh ar bhóithre náisiúnta agus ar bhóithre nach bóithre náisiúnta iad sa chontae in 2008. In éineacht leis na tionscadail mhórfheabhsúcháin ar na bóithre agus leis an obair chothabhála ar thug an Chomhairle fúthu, bhí éifeacht mhór dhearfach ag an méid sin ar shábháilteacht an líonra bhóithre i gContae na hlarmhí.

SEIRBHÍSÍ UISCE

Cothabháil ar Sheirbhísí Uisce

In 2008 sholáthair Comhairle Contae na hlarmhí 35,000 m3 /lá uisce óil do dhaonra de 66,000, ó chúig fhoinse soláthar uisce a fhreastlaíonn ar na bailte móra agus sráidbhailte uile sa chontae mar aon le líonra tuaithe forleathan. Bailíodh fuíolluisce ó 14,800 foirgneamh agus rinneadh cóireáil air ag 23 ionad cóireála uisce. Ba é €12 m. an costas iomlán leis an mbonneagar seirbhísí uisce a chothabháil in 2008.

Déanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte monatóireacht ar chaighdeán uisce óil na hlarmhí thar ceann Chomhairle Contae na hlarmhí, agus foilsíonn an EPA na torthaí, a léirigh caighdeán an-sásúil uisce óil sa Chontae.

Tá teicneolaíocht micreascagacháin san ionad cóireála uisce ag Loch Uail, a chosnaíonn in éadan éillithe ag Cryptosporidium. Chun leibhéal slándála níos airde a sholáthar ar na soláthairtí eile uisce poiblí thug an Chomhairle córais díghalraithe ultraivialait isteach chuig a hionaid chóireála uisce, le baol éillithe ó Cryptosporidium a laghdú.

Mar gheall ar na Rialacháin nua Uisce Óil tá córais níos déine de dhíth maidir le monatóireacht ar uisce óil, ina measc riachtanais mhonatóireachta do ghrúpscéimeanna agus do roinnt soláthairtí príobháideacha uisce.

Clár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce

Tá soláthar agus uasghrádú ar an mbonneagar seirbhísí uisce fíorthábhachtach le forbairt an chontae a éascú amach anseo. Faoin gClár Infheistíochta Seirbhísí Uisce Náisiúnta, 2007-2009, meastar go gcuirfear €219m isteach sa bhonneagar seirbhísí uisce sa Chontae. Le linn 2008 bhí dul chun cinn ar na scéimeanna seo a leanas:

- **Cóireáil Uisce Bhaile Átha Luain**
  Méadaíodh an toilleadh san ionad cóireála uisce i mBaile Átha Luain ó 2 mhilliún galún sa lá (MGD) go dtí 3 mhilliún galún sa lá ar chostas de €4.0 m. Cuireadh soilse ultraivialaite isteach mar chóireáil sa bhreis ar an uisce ag an deireadh.

- **Scéim Fheabhsúcháin ar Shéarachas an Mhuilinn Chearr**
  Tá tugtha faoin obair ar Chéim 1 - Ionad Chóireála Uisce Fuíll a uasghrádú faoi Chonradh DBO. Le críochnú roimh mhí an Mheithimh 2010.
  Céim 2 - Príomh-Shéarach Idircheapóra an Mhuilinn Chearr. Tá tosaithe ar an obair thógála agus táthar ag súil lena chríochnú roimh mhí an Mhárta 2010.

- **Scéim Séarachais Ghlasán, Bhealach Caorthainn, Chuasáin**
  Tosaíodh ar an obair thógála scéim nua séarachais a chur ar fáil do na trí shráidbhaile ar chostas de €4.8 m. Táthar ag súil leis an obair a chríochnú go luath sa bhliain 2010.

- **Scéim Séarachais Rochfordbridge**
  Tá críoch ag teacht leis an obair thógála ar thionscadal leis an scéim séarachais a uasghrádú agus an oscailt le bheith go luath sa bhliain 2009.

- **Scéim Séarachais Ráistín**
  Tá críoch tagtha leis an obair thógála ar uasghrádú an ionaid chóireála séarachais agus déanfar an oscailt oifigiúil go luath sa bhliain 2009.

- **Tionscadal Méadraithe Neamhtheaghlaigh**
  Tá Céim 1 den tsuiteáil mhéadar do na foirgnimh neamhtheaghlaigh críochnaithe faoi Chonradh Veolia Ireland agus cuireadh 2850 méadar isteach ar chostas de €1.5 m. Tá Céim 2 ar siúl faoi láthair agus críochnófar sin in 2009. Cuieadh tús le táillí bunaithe ar léamh an mhéadair i mí Iúil 2008..

- **Caomhnú Uisce**

Leanadh ar aghaidh in 2008 leis an tionscadal chun méid an uisce gan tuairisc air ó líonraí soláthairtí uisce a laghdú.

Scéim Séarachais Bhaile Chaisleáin na nGeochagán

Tá críoch ag teacht ar an obair ar sholáthar scéime séarachais nua do shráidbhaile Bhaile Chaisleáin na nGeochagáin agus tá sé le hoscailt go luath in 2009.

Tionscadail atá á bPleanáil agus á nDearadh

Bhí dul chun cinn déanta le linn na bliana ar líon tionscadal eile maidir le soláthar nó uasghrádú de scéimeanna uisce agus séarachais, ina measc:

- Príomhdhraenáil Bhaile Átha Luain
- Uisce Iarmhí Theas
- Séarachas Dhealbhna
- Séarachas an Mhóta
- Séarachas Chill Bheagáin
- Séarachas Ráth Eoghain
- Séarachas Bhealach Bhaile an Mhuilinn
- Séarachas na Cúile
- Séarachas Fhiodh an Átha

Clár Uisce Tuaithe

Éascaíonn an Clár Uisce Tuaithe forbairt na seirbhísí uisce i gceantair tuaithe an Chontae, agus €2.6 milliún an caiteachas ar an gclár seo in 2008. D'éascaigh an Chomhairle, tríd an gclár uisce tuaithe:

- Tógáil 7 ngrúpscéim nua uisce ag freastal ar 65 teach. Bhain trí cinn de na scéimeanna nua leas as maoiniú ó Clar.

- Uasghrádú ar 2 ghrúpscéim uisce agus rialú ar 11 ghrúpscéim uisce atá ann cheana.

- 34 deontas le haghaidh toibreacha príobháideacha sólathair uisce a chur ar fáil.

- Uasghrádú ar sheirbhísí uisce atá ann cheana faoi chlár na scéimeanna beaga.

Scéim Fheabhsúcháin ar Shéarachas an Mhuilinn Chearr

Comhshaol

Feasacht Chomhshaoil

I measc na dtionscnamh comhshaoil atá ar bun san Iarmhí tá: Clár na Scoileanna Glasa, Gradaim Fiúntais na mBailte Slachtmhara, Comórtas na nEastát Slachtmhar, Glantachán Earraigh, Comórtais Ealaíne, Seachtain Náisiúnta na gCrann, Ceardlanna Cumadóireachta, Clár an Chláir Oibre Áitiúil 21, agus Deontais in aghaidh an Bhruscair.

Clár na Scoileanna Glasa

Tháinig méadú ar líon na scoileanna a ghlac páirt i gClár na Scoileanna Glasa in 2008 nuair a bhí 63 bunscoil agus 17 scoil, idir scoileanna dara leibhéal agus eile, a thug iomlán de 80 scoil a bhí cláraithe ag deireadh 2008 - méadú de 8%. Ardaíodh líon na scoileanna a bhfuil stádas brataí uaine orthu ó 30 go dtí 39 le linn na tréimhse céanna.

Tionscadail in aghaidh an Bhruscair

Chuir 14 scoil póstaeir isteach le haghaidh seoladh thionscadal an Fhéilire in aghaidh an Bhruscair 2009. Cuireadh 2000 féilire i gcló le húsáid mar chuid dár bhfeachtais in aghaidh an bhruscair agus dáilfear iad i measc na scoileanna a ghlac páirt sa chomórtas ealaíne.

Leanadh ar aghaidh leis an bhFeachtas áitiúil in aghaidh an Bhruscair Ghuma Choganta le dhá sheoladh faoi seach sa Mhuileann gCearr agus i mBaile Átha Luain le linn na bliana. Chuir comórtas mana a chuir bruscar guma a chur de láimh ar bhealach freagrach chun cinn leis an bhfeachtas freisin.

Fuarthas maoiniú de €33,000 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil do Thionscadail in aghaidh an Bhruscair, ina measc an Féilire Scoileanna in aghaidh an Bhruscair, an bhileog 'An Dlí agus an Bruscar', Fógraí Raidió 'Meitheal Ghlas' in aghaidh an Bhruscair, Feachtas Pictiúrlainne in aghaidh an Bhruscair agus Glanadh sa Phobal. Lean an Coiste Glas taobh istigh den Chomhairle ar aghaidh le cosc ar bhruscar agus íoslaghdú laistigh den Chomhairle a chur chun cinn

Áiseanna athchúrsála, Bóthar Dhealbhna, An Muileann gCearr

Comórtas na mBailte Slachtmhara

Ghlac 35 baile agus sráidbhaile páirt i gcomórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Rug Baile na hAbhann, Glasán agus Bealach an Tirialaigh gradaim leo ar ócáid bhronnta ghradam na mBailte Slachtmhara Réigiúnacha 2008. Rith Comhairle Contae na hlarmhí Gradaim Fiúntais na mBailte Slachtmhara le haitheantas a thabhairt do dhúthracht agus do thiomantas na ngrúpaí áitiúla agus le ceiliúradh a dhéanamh ar an méid a bhain siad ag na leibhéil áitiúla agus náisiúnta de Chomórtas na mBailte Slachtmhara. Bhí Comórtas Eastát Slachtmhar ar an Muileann gCearr agus tugadh maoiniú do Chumainn Cónaitheoirí le cothabháil a dhéanamh ar a gcuid eastát. Ritheadh Glantachán Náisiúnta an Earraigh arís agus bhí 39 glanadh suas ar leith a ghlac páirt ann ar fud an Chontae.

Clár an Chláir Oibre Áitiúil 21

Tugadh maoiniú de €16,182 san iomlán do 15 ghrúpa (comh-mhaoinithe ag an gComhairle agus ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil) faoi Chlár an Chláir Oibre Áitiúil 21 do thionscadail a thugann tacaíocht agus comhlánú do pholasaithe comhshaoil náisiúnta, mar iad siúd ar Fhuíoll, Bithéagsúlacht, Athrú Aeráide, Aer, Uisce, Forbairt Inbhuanaithe srl.

COSAINT CHOMHSHAOIL & CUR I bhFEIDHM

Córas Bainistíochta Comhshaoil

Ag iarraidh an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ann, chuir Comhairle Contae na hlarmhí tús le Córas Bainistíochta Comhshaoil a fhorbairt. Úsáidtear an córas le súil a choinneáil agus le taifead a dhéanamh ar ghníomhaíocht chomhshaoil. Rinneadh forbairt ar an gcóras seo go inmheánach de réir na gCritéar Molta le haghaidh Cigireachtaí Comhshaoil (RMCEI) mar atá eisithe ag an nGníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil (EPA), bunaithe ar riachtanais an Aontais Eorpaigh. Déanann an córas seo freastal ar bhainistiú gearán agus tugann sé gnáth-ghníomhaíocht agus gníomhaíocht atá as an ngnáth isteach faoi chóras amháin bainistíochta. In 2008 rinneadh 3,800 cigireacht comhshaoil san iomlán maidir le Uisce, Aer, Torann, Dramhaíl agus Bruscar.

Rinneadh trialacha le ceamaraí CCTV ag bainc buidéal agus ag áiteanna ina gcaitear bruscar in 2008. Gearradh 91 fíneál bruscair in 2008 ar chiontóirí a chonacthas ag dumpáil bruscair ag bainc buidéal agus ag áiteanna ina gcaitear bruscar.

An tAcht um Bainistiú Dramhaíola / Rialacháin

Faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola agus faoi na Rialacháin a ghabhann leis, bhí na ceadanna agus na ceadúnais seo a leanas ar rolla údaraithe Chomhairle Contae na hIarmhí:

Cineál Dramhaíola		Méid
Dramhaíl	Cead Ionaid Dramhaíola	33
Uisce	Doirteadh go hUisce	31
	Doirteadh go Séarach	15
Aer	Truailliú Aeir	6
	Rial. Tuaslagóirí Láithreáin Chláraithe	3
	Rial. Péinte Mais.	15
Eile	Rial. Pacála - Féin-chomhlíonadh	2
	Rial. Pacála - Táirgeoirí Móra	103
	Rial. WEEE - Nithe Leictreacha	112

I measc na n-athruithe is mó a rinneadh ar an gcóras Ceadanna agus Ceadúnas in 2008 a bhi:

a) Iachall ar gach iarratasóir ceada cead pleanála a bheith acu sara gcuirtear a n-iarratas ar chead ionaid dramhaíola isteach.

b) Is féidir le Bailitheoirí Dramhaíola iarratas a chur isteach le haghaidh cead náisiúnta bailiúcháin dramhaíola in ionad cead réigiúnach bailiúcháin dramhaíola.

c) Rialacháin nua maidir le ceallraí tugtha isteach in 2008 a chuireann iachall ar dhíoltóirí ceallraí áis a chur ar fáil inar féidir leis an bpobal ceallraí ídithe a thabhairt ar ais.

An Chreat-treoir Uisce

Is éard atá sa Chreat-treoir Uisce ná ár n-uiscí a bhainistiú ar bhealach structúrtha agus cuireann sé iachall ar gach údarás áitiúil freagrach taobh istigh de limistéar na habhantraí a ngníomhaíochtaí i dtaobh bainistíochta uisce a chomhordú. Is cuid amháin de dhá thionscadal abhantraí an Iarmhí - Abhantrach na Sionainne agus an Abhantrach Thoir (East River Basin). Mar chuid de Thionscadail na nAbhantrach aithníodh 36 láithreán san Iarmhí ina bhfuil caigheán an uisce dhromchla ar scála measartha go dtí íseal. Tá monatóireacht imscrúdaitheach ina bhfuil suirbhéanna feirme, suirbhéanna ar umair mhúnlaigh, cigireacht ar fhoirgnimh ghnólachtaí agus ar fhoirgnimh thionsclaíocha ar siúl ag na 36 láithreán agus an caighdeán uisce a ardú mar aidhm aici.

Maidir leis na Dea-Chleachtais Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint (Rialacháin) 2006, glaodh roinnt cruinnithe le feirmeoirí i gcomhar leis an IFA agus an ICMSA chun a gcuid freagrachtaí a léiriú d'fheirmeoirí.

Déanann an Fhoireann um Srianadh ar Thruailliú monatóireacht ar thrí cinn d'uisce snámha ainmnithe: An Sruthchúrsa, (Loch Léinn), Lilliput (Loch Ainninn) agus Port na Seangán (Loch Uail). Ina theannta sin déanann an fhoireann monatóireacht ar Cuasán (Loch Rí).

Bailiú Bruscair

Bhí seirbhís rathúil bhailithe bhoscaí bruscair ag Údaráis Áitiúla na hIarmhí i seachtainí ailtéarnacha in 2008. Tá an scéim á bainistiú ag Údaráis Áitiúla na hIarmhí agus bailíonn Allied Waste Management Teo., An Seancháisleán, Contae na Mí, na boscaí bruscair, faoi chonradh. Le linn 2008 ba iad seo a leanas na meáchain bailithe:

Boscaí bruscair liatha:	Meáchan bailithe	= 9204 tonna
Boscaí Bruscair Athchúrsála:	Meáchan bailithe	= 2121 tonna

Tugadh Treoir-Sheirbhís na nAraidí Donna isteach chuig 1,000 teaghlach sa Mhuileann gCearr i nDeireadh Fómhair 2006. Tugann sin an deis do chustaiméirí a mbruscar orgánach ón gcistin agus a mbruscar ón ngairdín a bhailiú amach óna chéile le haghaidh athchúrsála agus an méid a théann chuig líonadh talún a laghdú sna haraidí bruscair. Tugadh an tseirbhís i rith na bliana ar fad in 2008 ach mar gheall ar a laghad páirt ó chustaiméirí go coibhneasach a glacadh sa tseirbhís agus polasaí náisiúnta dramhaíola ag teacht chun cinn tá an tseirbhís seo faoi scrúdú.

Áiseanna Líonta Talún agus Athchúrsála

In 2008, bailíodh 4,036 tonna ábhar ag na hIonaid Fóntas Pobail sa Mhuileann gCearr agus i mBaile Átha Luain agus ar an Líonra 'Bring Bank' ('tug chuig an mBanc') is cuireadh an méid sin ar aghaidh le hathchúrsáil. Méadú de 1.3% atá anseo ar an mbliain seo caite. Glactar le réimse leathan ábhar d'athchúrsáil ag an áis seo, m.sh. páipéar, cairtchlár, stáin bhia, ceallraí, earraí bána, trealamh leictreach, feadáin fhluaraiseacha, dramh-mhiotail, éadaí, srl.

Bhí dhá bhailiúchán dramhaíola guaisí in 2008 agus d'éirigh le rudaí i mí Iúil agus i mí na Nollag ag na hIonaid Fóntas Pobail sa Mhuileann gCearr agus i mBaile Átha Luain. Rinneadh fógraíocht mhaith roimhré agus bailíodh 4.4 tonna ábhar.

Ritheadh laethanta ar leith bailiúchain le deis a thabhairt do dhaoine Crainn Nollag a chur de láimh agus bailíodh agus rinneadh múirín as beagnach 16 thonna crann.

Le linn 2008 cuireadh 45,506 tonna dramhaíola chuig líonadh talún ag ionad an Bhaile Domhnaigh. Tosaíodh ar an obair athchóirithe ar an líonadh talún i mí na Samhna 2008 agus bonneagar breise úsctha gháis le críochnú roimh mhí an Mheithimh 2009.

Stad an tIonad Líonta Tálún i mBaile Marlainn ag glacadh le dramhaíl in 2007. Leanadh ar aghaidh leis an monatóireacht ar ghás agus ar dhoirteadh líonta talún ag Líonadh Talún Bhaile Marlainn in 2008 de réir an Cheadúnais Dramhaíola a bhí tugtha.

Seirbhísí Tréidliachta

Tá Comhairle Contae na hlarmhí, faoi chonradh ó Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, freagrach as reachtaíocht i dtaobh sláinte ainmhithe, leasa ainmhithe agus sábháilteachta bia a chur i bhfeidhm i 13 sheamlas agus in ionad beag amháin déantúsaíochta feola.

Chonacthas laghdú i líon na madraí gan úinéir a bailíodh nó a tugadh suas do Chomhairle Contae na hIarmhí sa bhliain 2008.



Scéim Sean Reiligí a Fheabhsú

De bharr maoiniú a bheith faighte, tugadh cuireadh do ghrúpaí pobail/deonacha iarratais a chur isteach le aghaidh a thabhairt ar an meath atá tagtha ar shean reiligí. Ba chóir na tionscadail a bheith críochnaithe go bunúsach roimh dheireadh 2008 le bheith i dteideal na n-íocaíochtaí deontais. Breithníodh na hiarratais de réir na gcritéar meastóireachta atá leagtha síos agus tugadh faomhadh deontais do 16 iarratas.

Cosaint Shibhialta

Leanadh ar aghaidh le Cosaint Shibhialta i rith 2008 chun Cosaint Shibhialta a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chothabháil mar eagraíocht ghairmiúil éifeachtach bunaithe ar obair dheonach a chuireann seirbhísí éigeandála freagartha agus tacaíochta pobail ar fáil.

Cosaint Shibhialta Taismí - deonaigh

Cúnamh Pobail

Le linn na bliana thug comhaltaí na Cosanta Sibhialta cabhair ag bainistiú tráchta, tacaíocht lóistíochúil, maoirseacht, otharcharr, garchabhair agus clúdach báid ag imeachtaí pobail.

Turas Míleata Idirnáisiúnta

Sa bhliain 2008 a bhí comóradh 150 bliain thaispeántaí Lourdes. Chuaigh an tUachtarán, Máire Mhic Giolla Íosa agus Lt. Gin. Dermot Earley, an Ceann Foirne, in éineacht le 1400 comhalta ó na Fórsaí Cosanta, ón gCosaint Shibhialta, agus sibhialtaigh, ina measc seachtar comhaltaí ón Iarmhí, chun páirt a ghlacadh ar an 50ú Turas Míleata Idirnáisiúnta ón 22-27 Bealtaine.

Eagrú agus Oiliúint

D'fhreastail baill ar chúrsaí áitiúla agus náisiúnta, ar chleachtaí agus ar sheimineáir. I measc na n-ábhar a bhí Eolas ar Fhéinmharú, Céadfhreagairt Chairdiach, Tacú Beatha Bunúsach agus Dífhibrileoir Uathoibríoch Éigeandála a oibriú, Obair i nDroch-Aimsir (Tuilte), Fliú Éanúil, Inniúlacht le Bád Innill, Leas, Aslonnú, Cóiríocht agus déileáil le daoine curtha óna n-áit chónaithe.

SEIRBHÍS DÓITEÁIN AGUS TARRTHÁLA

Oibríochtaí Dóiteáin & Tarrthála

D'fhreagair Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála na hIarmhí agus Bhaile Átha Luain do 995 eachtra in 2008. Bhí laghdú de 180 ar líon na n-eachtraí a ndearnadh Seirbhísí Dóiteáin & Tarrthála na hIarmhí agus Bhaile Átha Luain freastal orthu in 2008, i gcomparáid leis na figiúir ó 2007.

Bhí méadú de 9% ar líon na ndóiteán simléir in 2008 ón mbliain roimhe, agus mhéadaigh líon na ndóiteán tí faoi 15% ón líon taifeadta in 2007.

Tháinig laghdú suntasach ar an méid timpistí bóthair i gcomparáid le 2007.

Tá briseadh síos ar na cineálacha timpistí sa chairt thíos.

Seirbhísí Dóiteáin & Tarrthála na hlarmhí & Baile Átha Luain Eachtraí Eigeandála in 2008



Oiliúint

Leanadh ar aghaidh in 2008 le hoiliúint d'earcaigh nua sa tSeirbhís Dóiteáin & Tarrthála chomh maith le hoiliúint don fhoireann atá ann cheana féin. Ina theannta sin tugadh oiliúint sa Chóras Ceannasaíochta Eachtraí nua do gach ball foirne dóiteáin ag obair. Leanadh leis an oiliúint le linn na bliana ar mhodhanna oibre bainistíochta atá le húsáid nuair a chuirfear an Plean d'Éigeandálaí Móra i bhfeidhm. Mar chuid den oiliúint sin tugadh cleachtaí le chéile i pbáirt le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, leis an nGarda Síochána agus leis an gCosaint Shibhialta agus bhí cleachtadh idir na gníomhaireachtaí sa Mhuileann gCearr ar an 5 Samhain 2008.

Pleanáil roimh Dhóiteán, Feasacht Oideachais & Aláraim Dheataigh

Rinneadh cigireacht ar 41 fhoirgneamh mar chuid den phróiseas pleanála roimh dhóiteán i 2008. Tá sonraí na bhfoirgneamh sin agus sonraí na nguaiseacha atá iontu ar fáil d'oifigigh a fhreagraíonn d'eachtraí ag na foirgnimh sin.

Leanadh le Clár an Phobail um Shábháilteacht ó Dhóiteán do bhuscoileanna in 2008 agus comhraiceoirí dóiteáin ag labhairt le 1632 páiste as 68 tríú rang i mbunscoileanna ar fud an chontae. Anuas air sin, thug breis is 1,495 páiste scoile agus réamhscoile cuairt ar na stáisiúin dóiteáin in 2008.

Tugadh 20 caint ar shábháilteacht dóiteáin do ghrúpaí pobail i 2008. Dháil an tSeirbhís Dóiteáin breis is 2,900 aláram deataigh chuig tithe éagsúla i gContae na hlarmhí in 2008.

Iarratais do Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus Iarratais Phleanála

Próiseáladh 158 iarratas do Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus 254 iarratas pleanála sa Roinn Dóiteáin in 2008.

Forbairt & Pleanáil Eacnamaíoch

Buaicphointí

- Glacadh le Plean Forbartha Chontae na hlarmhí 2008-2014 agus le Plean Bhaile Átha Luain 2008-2014.
- Tús curtha leo agus cur chun cinn 12 Phlean Limistéir Áitiúil agus 2 Lonnaíocht gan Seirbhís ar fud an Chontae
- Glacadh le Plean Limistéir Áitiúil don Chúil
- Glacadh le Polasaí Airde Foirgneamh
- Glacadh le Polasaí Tithíochta Tuaithe athbhreithnithe
- Cuireadh 'Addendum' leis na Treoirlínte Dearaidh Tuaithe
- Seoladh na nGradam Bliantúil Dearaidh Tuaithe
- Tugadh Painéal de Mheastóiri Faofa Láithreán de réir Riachtanas an EPA
- Ationóladh an Fóram Oidhreachta agus cuireadh tús le Plean Oidhreachta 2009-2014 a ullmhú
- Cuireadh le Clár na Struchtúr Cosanta

Scéim Deontas Caomhnaithe

Fuair an Chomhairle €128,000 in 2008 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Bronnadh é seo ar 12 iarrthóir rathúla deontais a rinne oibriúchán athchóirithe riachtanaigh ceadaithe ar struchtúir chosanta sa Chontae.

Rialú Forbartha

Ba é 1,121, san iomlán, líon na n-iarratas bailí pleanála a tháinig isteach go Comhairle Contae na hlarmhí agus go Comhairle Bhaile Átha Luain. Tá treochtaí i líon na n-iarratas isteach, ceadaithe agus diúltaithe léirithe sa ghraf thíos:



DLÍ AGUS FORFHEIDHMIÚ

Tugtar sonraí na staitisticí do 2007 & 2008 sa Tábla thíos:



I rith 2008 ghlac an roinn dlí agus forfheidhmithe an fhreagracht orthu féin maidir le gearáin fhorfheidhmithe agus le heastáit tithíochta i gComhairle Bhaile Átha Luain i dteannta leis an gContae.

Fuarthas 195 gearán san iomlán i 2008 agus an toradh a bhí orthu ná:

- 72 gearán diúltaithe;
- 79 réitithe;
- 174 Litir Rabhaidh eisithe;
- 48 Fógra Forfheidhmithe tugtha; agus
- 18 Atreorú Dleathacha

Maidir le rialú tógála, fuarthas 455 fógra tosaithe, seasann sé sin do 532 foirgneamh nua ar cuireadh tús leo le linn na tréimhse. Rinneadh fiosrúchán ar 14.6% de na foirgnimh ar cuireadh tús leo faoin Acht um Rialú Foirgníochta, 1990. Tá sé seo de réir an ráta treoirlíne náisiúnta de 12% go 15%.

Scéim Ranníocaíochta Forbartha

Airgead le teacht isteach faoin scéim in 2008, €4,251,141
Airgead caite faoin scéim in 2008, €324,929

Airgeadas

Tá Cuntas Ioncaim agus Caiteachais na Comhairle don bhliain 2008 agus an Bhileog Chothromaíochta ag 31 Nollaig 2008 leagtha amach ar an dá leathanach seo a leanas. Is dréacht é seo de na cuntais agus is féidir leo athrú.

Ioncam

Tá achoimre de na foinsí móra ioncaim leagtha amach sa chairt thíos:



Ó gach €1 ioncaim a fuaireamar in 2008, tháinig 59 cent ó Dheontais agus Fóirdheontais, 31 cent ó Earraí agus Seirbhísí agus 10 cent ó Rátaí Tráchtála.

Caiteachas

Tá achoimre de na catagóirí móra caiteachais leagtha amach sa chairt thíos:

Catagóir Chostais	€'m	%
Párolla	29.1	41.3%
Oibríoch	29.8	41.4%
Riarachán	4.3	6.0%
Airgeadas	3.5	4.9%
Eile	5.2	6.4%
Caiteachas Iomlán	**71.9**	**100.0%**

Do gach €1 caiteachais in 2008, chuaigh 41 cent ar Chostais Phárolla, 41 cent ar Costais Oibríoch (Ábhair, Gléasra ar Cíos, Trealamh, srl) agus 18 cent ar chostais eile, don chuid is mó, Ús Iasachta, Fuinneamh,Táillí Dleathacha agus Eile, Costais Chumarsáide agus Oiliúint.

Clár Caipitil

Bhí níos mó ná €180m caite ag an gComhairle ar an gclár caipitil in 2008, ina measc caiteachas ar na céimeanna seo a leanas:

- €79.0m Mótarbhealach M6
- €1.1m Tithíocht Shóisialta, An Móta
- €4.2m Tithíocht Shóisialta, Cionn Átha Gad
- €9.9m Scéim Fheabhsúcháin Séarachais an Mhuilinn Chearr
- €2.2m Tionscnamh 'Talamh le Seirbhísí' Rochfortbridge
- €1.8m Ionaid Fiontair, Baile na gCros

Tá achoimre ar na catagóirí móra de chaiteachas caipitil leagtha amach sa tábla thíos:



Obair Leanúnach

Cuireadh le sraith bhogearraí an Chórais Bainistíochta Airgeadais Agresso arís le linn 2008, le riachtanais athraitheacha an údaráis áitiúil a léiriú. Ar áireamh san obair seo atá:

- Córas a chur i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar an gCuntas Caipitil, tuarisciú míosúil don bhFoireann Bhainistíochta san áireamh.
- Córas buiséadach rialaithe a thabhairt chun críche, tuarisciú míosúil agus síniú as ag leibhéal Stiúrthóireachta a chur san áireamh.
- Córas nua costála a chur i bhfeidhm a bhfuil mar chuspóir aige léiriú níos cruinne a thabhairt ar fhíorchostais na seirbhísí soláthraithe.

Mótarcháin

Le linn 2008, chuaigh 98,339 idirbheart trí lámha ár roinne mótarchánach inar bailíodh €15.39 milliún in ioncam - méadú de 1.02% ar 2007.

Rinneadh 66.9% de na hidirbhearta ar fad ag an gcuntar agus 9.9% díobh tríd an bpost. Déileáladh le 96.76% de na hidirbhearta poist ar an lá céanna. Bhain 20.11% dár gcustaiméirí úsáid as ár n-áis motortax.ie ar líne.

Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

Tugann Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus an caiteachas a bhaineann le hioncam le chéile. Léiríonn sé barrachas/(easnamh) don bhliain.

Caiteachas de réir Clárghrúpa	%	Comhlán Caiteachas € 2008	Comhlán Admhálacha € 2008	Glan Caiteachas € 2008	Glan Caiteachas € 2007
Tithíocht & Foirgníocht	11.9%	8,573,521	7,980,453	593,068	816,333
Iompar Bóithre & Sábháilteacht	23.0%	16,575,489	13,209,479	3,366,010	5,753,229
Uisce & Séarachas	15.8%	11,382,901	3,337,804	8,045,096	7,562,555
Rialuithe & Dreasachtaí Forbartha	7.9%	5,647,963	1,613,596	4,034,367	716,780
Cosaint an Chomhshaoil	15.9%	11,430,027	9,232,005	2,198,022	393,670
Caitheamh Aimsire & Fóntas	8.6%	6,198,142	1,767,330	4,430,813	3,983,222
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	10.1%	7,290,978	7,022,455	268,522	324,260
Ilghnéitheach	6.7%	4,818,066	2,255,938	2,562,127	2,642,345
Caiteachas Iomlán/Admhálacha	**100.0%**	**71,917,086**	**46,419,060**	**25,498,026**	**22,192,394**
Maoinithe ag:					
Rataí				7,485,991	7,125,927
Ciste Rialtais Áitiúil *				22,711,775	21,387,685
Táillí Uirbeacha				950,000	800,000
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe				**5,649,740**	**7,121,218**
Aistrithe chuig/ó Chúlchistí				**-4,898,734**	**-4,998,487**
Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain				**751,006**	**2,122,731**
Cúlchiste Ginearálta ag 1 Eanáir 2007				**-3,665,510**	**-5,788,241**
Cúlchiste Ginearálta ag 31 Nollaig 2007				**-2,914,504**	**-3,665,510**



Caiteachas Ioncaim iomlán de réir Clárghrúpaí

- Tithíocht & Foirgníocht
- Bóithre, Iompar & Sábháilteacht
- Uisce & Séarachas
- Dreasachtaí Forbartha & Rialuithe
- Cosaint an Chomhshaoil
- Caitheamh Aimsire & Fóntas
- Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas
- Ilgnéitheach

CLÁR COMHARDAITHE MAR A BHÍ AR 31 NOLLAIG 2008

	2008 €	2007 €
Sócmhainní Seasta		
Oibríoch	216,918,347	176,237,336
Bonneagrach	1,992,610,868	1,799,411,740
Pobal	14,745,383	14,745,383
Neamhoibríoch	2,474,744	2,424,744
	2,226,749,342	**1,992,819,203**
Obair Leanúnach agus Réamhchostais	24,305,741	167,900,541
Fiachóirí Fadtéarma	37,126,147	36,723,569
Sócmhainní Reatha		
Stoic	238,863	239,460
Fiachóirí Trádála agus Réamhíocaíochtaí	35,952,195	29,931,553
Infheistíochtaí Bainc	13,088,305	28,000,762
Airgead Tirim ag Banc	2,700,100	-
Airgead Tirim ar Láimh	6,642	6,622
Cuntas Uirbeach	-	-
	51,986,105	**58,178,397**
Dliteanas Reatha (Méideanna Dlite taobh istigh de bhliain)		
Rótharraingt Bhainc	-	4,516,629
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	17,635,160	22,411,543
Cuntas Uirbeach	-	-
Léasanna Airgeadais	-	-
	17,635,160	**26,928,173**
Glansócmhainní Reatha (Fiachais)	**34,350,945**	**31,250,225**
Creidiúnaithe (Méideanna Dlite tar éis bliana)		
Iasachtaí Iníoctha	88,965,034	70,052,402
Léasanna Airgeadais	-	-
Éarlaisí inaisíoctha	1,807,744	1,965,250
Eile	-	-
	90,772,778	**72,017,652**
Glansócmhainní	**2,231,759,397**	**2,156,675,886**
Airgead soláthraithe ag		
Cuntas Caipitlithe	2,226,749,341	1,992,819,203
Ioncam WIP	21,761,259	164,179,698
Cúlchiste Áirithe Ioncaim	677,531	677,531
Cúlchiste Ginearálta Ioncaim	(2,914,504)	(3,665,510)
Comharduithe Eile	(14,514,230)	2,664,964
Cúlchistí Iomlána	**2,231,759,397**	**2,156,675,886**

Comhairle Baile an Mhuilinn Chearr

Cruinnithe Míosúla

Buaileann Comhairle Baile an Mhuilinn Chearr le chéile ar an gceathrú Déardaoin de gach mí i dTeach an Mhargaidh. Ní bhíonn cruinniú i mí Lúnasa aon bhliain.

Cruinniú Ceann Bliana

Bhí Cruinniú Ceann Bliana 2008 ar 19 Meitheamh 2008. Bhí an Clr. Michael Dollard tofa mar Chathaoirleach do 2008/2009, ag glacadh na Cathaoireach ón gClr. Pat Collins.

Bhí an Clr. Pat Whelan tofa mar Leas-Chathaoirleach don tréimhse 2008/2009.

Freastal ar Chomhdhálacha

D'fhreastal an Clr. Frank McIntyre agus an Clr. Pat Collins ar Sheimineár an Earraigh de Chomhlachas Údarás Bárdasach na hÉireann a bhí i mBaile Átha Troim, Co. na Mí, i lár mí Feabhra. D'fhreastal an Clr. McIntyre agus an Clr. Collins freisin ar Chomhdháil Bhliantúil Chomhlachas Údarás Bárdasach na hÉireann a bhí i Sligeach i mí Mheán Fómhair 2008.

D'fhreastail an Clr Betty Doran ar Chomhdháil Bhliantúil Chumann Bhaill na nÚdarás Áitiúil ar an 27 agus an 28 Márta, 2008, i mBaile Átha Troim, Co. na Mí.

Ócáidí Cathartha

Thionóil Comhairle Baile an Mhuilinn Chearr na hócáidí seo a leanas le linn 2008.

- Tugadh an Óráid Fáilte do na toscairí a d'fhreastail ar Chomhdháil Bhliantúil Bhantracht na Tuaithe ar an 20 Bealtaine, 2008.
- Tugadh Aitheasc Aitheantais do chomhaltaí de Chumann Seansaighdiúirí (Náisiúin Aontaithe) na hÉireann (I.U.N.V.A.) ar an 20 Meitheamh 2008 ar ócáid a gcomóradh 50 bliain.
- Ritheadh ócáid i dTeach agus Gairdíní Belvedere, an Muileann gCearr, le tríocha bliain de na Cluichí Oilimpeacha Speisialta in Éirinn a cheiliúradh ar an 3 Meán Fómhair 2008. D'fhreastail lúthchleasaithe agus a muintir ó eagraíocht Chluichí Olimpeacha Speisialta na háite. Ina theannta sin bronnadh gradam ar sheisiúr lúthchleasaithe na háite a ghlac páirt i gCluichí Oilimpeacha Speisialta 2007 i Shanghai na Síne. Ba é Tomás Ó Flatharta, Traenálaí Fhoireann Peile Sinsir na hlarmhí, an t-aoichainteoir ag an ócáid i dTeach Belvedere.

Chomh maith leis sin bhí an Chomhairle Baile mar óstach d'aíonna ar tugadh cuireadh dóibh chuig Seoladh Dhealbhóireacht Chuimhne Joe Dolan i gCearnóg Theach an Mhargaidh, an Muileann gCearr, Dé Domhnaigh 7 Nollag, 2008.

Ar Lá Fhéile Pádraig, 2008, is i dTeach an Mhargaidh arís a bhí fáiltiú pháráid bhliantúil Lá Fhéile Pádraig. Thug baill Chomhairle Baile an Mhuilinn Chearr ranníocaíocht airgid do choiste eagraíochta pháráid Lá Fhéile Pádraig.

Blocdheontas Speisialta do chosáin in iarcheantair Choimisinéir an Bhaile

Chuir an Roinn Iompair Deontas Speisialta de €550,000 ar fáil in 2008 do Chomhairle Contae na hlarmhí le haghaidh deisiúchán agus athchur na gcosán in iarcheantair Choimisinéir an Bhaile sa Mhuileann gCearr. De bharr an deontais sin rinneadh oibreacha ag roinnt áiteanna sa Mhuileann gCearr.

Buiséad:

€100,665 an buiséad do 2008, agus an ráta sa euro ag €3.00.

An t-aitheasc aitheantais, I.U.N.V.A.

Comhairle Baile Átha Luain

Seo iad a leanas Baill agus Feidhmeannaigh reatha na Comhairle:

- An Clr Austin Berry, 34 Bóthar na Deastógála, Baile Átha Luain
- An Clr. John Butler, 5 Montree, Bóthar na Mainistreach, Baile Átha Luain
- An Clr.Mark Cooney, Sráid an Gheata Thuaidh, Baile Átha Luain
- An Clr. Paul Hogan, 49 Páirc an Dísirt, Baile Átha Luain.
- An Clr. Ray Lennon, Sráid Chonnachta, Baile Átha Luain.
- An Clr. Kieran Molloy, Sráid Uí Chonghaile, Baile Átha Luain
- An Clr. Egbert Moran, Bun an Bhaile, Baile Átha Luain.
- An Clr. Kevin (Boxer) Moran, Cor na mBeach, Baile Átha Luain.
- An Clr. Mick O'Connell, 208 River Village, Talamh na Manach, Áth Luain

Ba é an Clr. Paul Hogan an Méara don chéad leath den bhliain agus tháinig an Clr.Egbert Moran i gcomharbacht air don chuid eile de 2008.

FOIREANN:

Ba é 91 líon na foirne do gach grád le linn na bliana.

TITHÍOCHT:

Leanadh ar aghaidh le hathghiniúint limistéar Loch na nEascann le linn na bliana nuair a fuarthas seilbh ar níos mó tithe dílsithe in Ardán San Mel agus athlonnaíodh na tionóntaí. Níl ach 4 theaghlach fágtha anois a dteastaíonn cóiríocht uathu, agus maidir leis sin tá Cuid 8 den phróiseas pleanála críochnaithe le haghaidh 2 theach nua, agus obair ar siúl fós ar réiteach éileamh tithíochta na dteaghlach deireanach.

Leagadh ceann de na bloic tithíochta in Ardán San Mel le linn na bliana agus leagfar na bloic ar fad de réir mar a fhágfar folamh iad in 2009. Tá an tógáil ar an suíomh lár baile sin beagnach críochnaithe agus cuirfidh an fhorbairt a dhéanfar air feabhas ar lár an bhaile.

Fuair an Chomhairle 12 theach faoin gclár caipitil tithíochta i dteannta le corrfholúntais agus tugadh 38 tionóntacht d'iarratasóirí tithíochta dá bharr.

CÚRSAÍ SÓISIALTA & CULTÚRTHA:

Thacaigh an Chomhairle arís le Gradam Rehab Daoine na Bliana i mBaile Átha Luain agus an tsuim atá ann ag méadú. Bíonn ómós á thabhairt do níos mó agus níos mó laochra gan aitheantas de bharr a maithe ar leith don bhaile agus do mhuintir an bhaile.

Den chéad uair ritheadh Féile na hEorpa in Oirthear na hEorpa agus bhí 60 duine as Baile Átha Luain a ghlac páirt inti agus a rinne ionadaíocht ar an mbaile i Resekna sa Laitvia. Thaitin an grúpa cheol traidisiúnta na hÉireann agus damhsa as Baile Átha Luain thar barr le muintir na háite agus le muintir na dtíortha eile chomh maith, agus d'éirigh thar cionn lenár lucht spóirt.

Tháinig méadú ar an bpáirt a ghlactar in imeacht an 'Tri-Athlone' agus bhí 2000 iontráil in 2008 leis na lúthchleasaithe ón mbaile agus ó thar lear ag cur aithne ar an gcúrsa ag ullmhú do Sheaimpíneacht na hEorpa a rithfear ar an mbaile in 2010.

IOMPAR AGUS BONNEAGAR:

Críochnaíodh Cuid 8 den phróiseas do Scéim Shráideanna Lár an Bhaile in 2008 agus ceaptar costas de €13 m. ar chodanna an taoibh thoir agus an taoibh thiar. Tá doiciméid na dtairiscintí do Shráid na hEaglaise / Cearnóg an Bhaile críochnaithe agus déanfar an obair i gcéimeanna sna blianta amach romhainn.

Cuireadh críoch le drochchaighdeán na mbóithre agus na seirbhísí ar eastát na Collchoille/Pháirc Rinn Dúinn in 2008 nuair a rinneadh athchóiriú/athnuachan ar na seirbhísí ar chostas de €135,222.05. As cuntas airgeadais na Comhairle a fuarthas an maoiniú.

PLEANÁIL AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCH:

Rinneadh agus glacadh le Plean Forbartha Bhaile Átha Luain i mí Feabhra agus léiríonn sé fís na Comhairle don bhaile go dtí an bhliain 2014.

Glacadh le Plean Limistéir Áitiúil Lios Uí Mhulláin ina bhfuil moltaí sonraitheacha pleanála don áit sin leagtha amach agus glacadh le PLA i bhfoirm Chreatlach Dearaidh Uirbigh don tSráid Ghaelach agus beidh sé sin ar taispeáint go poiblí in 2009.

Cuireadh tús le Dréachtphleananna Limistéir Áitiúil do Loughandonning agus do Chor na mBeach i rith na bliana agus i dteannta le Staidéar maidir le hÉadan le hUisce cuirfidh siad críoch le clár na bpleananna limistéir mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha an Bhaile.

Tá an baile á ullmhú ag na Pleananna sin ar fad le haghaidh forbairt a dhéanfar amach anseo agus is údar muiníne a bheidh iontu d'iarratasóirí pleanála de bharr na cinnteachta agus de bharr na tacaíochta pleanála a thugann siad.

Eisíodh 7 n-ordú ceannaithe éigeantaigh maidir le suíomhanna tréigthe ar Shráid Chonnachta. Chinntigh an Bord Pleanála 4 cinn acu sin ach tá Athbhreithniú Breithiúnach le déanamh ar cheann amháin acu. Thángthas ar réiteach sásúil maidir leis na trí cinn eile nuair a rinne na húinéirí neamhthréigthe iad.

Cuireadh tús le Staidéar Féidearthachta a bheidh mar threoirphlean d'athnuachan an 'Castle Visitor' (an t-ionad cuairteoirí ar an gCaisleán). Tá na doiciméid phleanála Cuid 8 críochnaithe le go mbeifear in ann tús a chur leis an bpróiseas foirmeáilte.

CAITHEAMH AIMSIRE AGUS FÓNTAS:

Tá an tIonad Spóirt Réigiúnach ag obair go sásúil le níos mó ná 300,000 cuairteoir/úsáideoir ann le linn na bliana.

I measc na bhfóntas sa bhreis atá ar fáil anois tá clós súgartha agus páirc clár scátála. Is é seo an chéad pháirc clár scátála sa chontae agus chosain sé €440,000. Fuarthas cúnamh deontais ón Roinn Comhshaoil, Oidreachta agus Rialtais Áitiúil agus tá deontas de €500,000.000 ceadaithe ag an Roinn Ealaíne, Spóirt agus Turasóireachta chun cur le háiseanna an ghiomnáisiam.

Bronnadh an Bhratach Ghorm ar an Ionad in 2008, mar a tharla i mblianta eile.

Críochnaíodh clár cuimsitheach clós súgartha le linn na bliana le háiseanna nua curtha ar fáil ag Arda an Bhataire, ag Gleanntán na Fuinseoige, agus ag Cearnóg Parnell ar chostas de €158,156.68.

AIRGEADAS:

Sa bhliain 2008 bhí caiteachas ioncaim de €12.0m. ann agus caiteachais caipitil de €15.5m. ann. Bhí figiúirí ioncaim ag €12.4m. agus €10.0m. faoi seach.

Tuarascáil Bhliantúil ar Fhorbairt an Phlean Chorparáidigh

Seirbhísí Corparáideacha & Acmhainní Daonna

I measc na bPríomh-Ghníomhaíochtaí tá:-

- Glacadh le plean nua - Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí
- Córas Nua Bainistíochta Teagmhála Custaiméirí tugtha isteach.
- Tacú le Cláir Athruithe faoi choimirce Athrú Suntasach a Láimhseáil trí Pháirtíocht.
- Plean Gníomhaíochta Páirtíochta Athbhreithnithe a chur i bhfeidhm faoin bPlean Straitéiseach Náisiúnta a d'fhoilsigh L.A.N.P.A.G. in 2008.
- Monatóireacht agus Tuairisciú a dhéanamh ar Tháscairí Seirbhíse Náisiúnta.
- An Cheanncheathrú Chathartha a chur chun cinn sa Mhuileann gCearr
- Athsheoladh shuímh idirlín na Comhairle agus suíomh idirlín inmheánach san áireamh ar bronnadh an gradam 'Suíomh Inlín Is Fearr' (Best Intra Web) ag ócáid bhronnta Ghradam e-Rialtas na hÉireann 2008.

Pobal, Fiontar & Caitheamh Aimsire

- Ritheadh Duaiseanna an Chathaoirligh don dara huair agus d'éirigh go maith leis.
- Tús curtha le hIonaid Fiontair i mBaile na gCros agus sa Mhuileann gCearr i gcomhar leis na gníomhaireachtaí éagsúla agus daoine ar spéis leo iad.
- Straitéis Náisiúnta Míchumais curtha i bhfeidhm.
- Polasaí clóis shúgartha a sholáthar a chur i bhfeidhm agus áiseanna súgartha curtha ar fáil i mBaile na gCros, i gCill Bheagáin, sa Mhóta agus ar Pháirc Bhaile an Mhuilinn Chearr.
- Bealach Slí na Sláinte forbraithe i gcomhar le Foras Croí na hÉireann.
- Tosaíodh ar an obair an Muileann gCearr a bhunú mar Chroíbhaile Rothaíochta Chatagóir a hAon, i gcomhar le Fáilte Éireann agus Uiscebhealaí Éireann, le comharthaíocht a chur suas ar na bealaí. Cuireadh tús chomh maith leis an obair cuid 6km ar fad de chosán tarraingthe na canálach idir an Muileann gCearr agus Ballinea a uasghrádú.
- Cuireadh an tionscadal ag "The Meadows" i mBaile Átha Luain leis na háiseanna iascaireachta atá ann cheana féin a athchóiriú, agus ar cheadaigh Fáilte Ireland maoiniú dó le Baile Átha Luain a fhorbairt mar Ionad Barr Feabhais Iascaireachta, chun cinn in 2008.
- Seoladh Dealbhóireacht Chuimhne Joe Dolan i gCearnóg Theach an Mhargaidh, an Muileann gCearr.
- Toghadh Comhairle Óg an Chontae 2008-2010.

Cúrsaí Tithíochta, Sóisialta & Cultúrtha

- Bhí €19.7m de Chaiteachas ar an gClár Tógála Tithe agus Tithe a Fháil in 2008
- Tógáil 60 aonad sóisialta tithíochta críochnaithe
- Bhí 53 aonad á dtógáil ag deireadh 2008
- Tugadh €2,252,939 ar 270 deontas, ie., Deontas do Dhaoine le Míchumas, Deontas do Dheisiúchán Riachtanach, Deontas d'Athchóiriú Tí do Dhaoine le Míchumas, Scéim Deontas Tithíochta le hÁiseanna Soghluaisteachta, Cabhair Tithíochta do Dhaoine Aosta.
- Críochnaíodh an Clár Téimh Lárnaigh agus tá téamh lárnach curtha isteach i ngach foirgneamh an Údaráis Áitiúil.
- Osclaíodh Láithreán Stad Pháirc Mhichíl tar éis é a athchóiriú.
- Cuireadh áiseanna pobail ar fáil ag Páirc Dhaltúin agus ag Raheen, an Muileann gCearr.
- Osclaíodh Leabharlann Bhrainse nua sa Mhóta

Iompar & Bonneagar

Iompar

An chuid Cill Bheagáin go Baile Átha Luain den M6 an mórbhealach idir cathracha Baile Átha Cliath agus Gaillimh - críochnaithe.

Uasghrádú iomlán ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta don bhealach M6 idir Cionn Átha Gad agus Baile Átha Luain go stádas mótarbhealaigh i mí Meán Fómhair 2008.

Robinstown, an Muileann gCearr: 400m de dhébhealach nua tógtha.

Cothú agus feabhsú an líonra bóithre sa Chontae agus san áireamh: 101km de chóiriú dromchla, 56km d'athchóiriú bóithre agus 19km d'athchóiriú dromchla.

Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2009-2010 curtha chun cinn.

Seirbhísí Uisce

- **Cóireáil Uisce Bhaile Átha Luain**

Méadaíodh an toilleadh san ionad cóireála uisce i mBaile Átha Luain ó 2 mhilliún galún sa lá (MGD) go dtí 3 mhilliún galún sa lá ar chostas de €4.0 m. Cuireadh soilse ultraivialaite isteach mar chóireáil sa bhreis ar an uisce ag an deireadh.

- **Scéim Fheabhsúcháin ar Shéarachas an Mhuilinn Chearr**

Tá tugtha faoin obair ar Chéim 1 - Ionad Chóireála Uisce Fuíll a uasghrádú faoi Chonradh DBO. Le críochnú roimh mhí an Mheithimh 2010.
Céim 2 - Príomh-Shéarach Idircheapóra an Mhuilinn Chearr. Tá tosaithe ar an obair thógála agus táthar ag súil lena chríochnú roimh mhí an Mhárta 2010.

- **Scéim Séarachais Ghlasán, Bhealach Caorthainn, Chuasáin.**

Tosaíodh ar an obair thógála scéim nua séarachais a chur ar fáil do na trí shráidbhaile ar chostas de €4.8 m. Táthar ag súil leis an obair a chríochnú go luath sa bhliain 2010.

- **Tionscadal Méadraithe Neamhtheaghlaigh**

Tá Céim 1 den tsuiteáil mhéadar do na foirgnimh neamhtheaghlaigh críochnaithe faoi Chonradh Veolia Ireland agus cuireadh 2850 méadar isteach ar chostas de €1.5 m. Tá Céim 2 ar siúl faoi láthair agus críochnófar sin in 2009. Cuireadh tús le táillí bunaithe ar léamh an mhéadair i mí Iúil 2008.

- **Caomhnú Uisce**

Leanadh ar aghaidh in 2008 leis an tionscadal chun méid an uisce gan tuairisc air ó líonraí soláthairtí uisce a laghdú.

Comhshaol

- Méadú suntasach ar fheasacht chomhshaoil trí réimse tionscnamh.
- Córas Bainistíochta Comhshaoil déanta chun comhordú leis an Roinn comhshaoil.
- CCTV tugtha isteach agus ag éirí go maith leis monatóireacht a dhéanamh ar dhumpáil mhídhleathach.
- Méadú leanúnach in athchúrsáil dhramhaíola.
- Tús curtha le hoibreacha athchóirithe ar shuíomh líonta talún i mBaile an Domhnaigh.
